



Brollach

Is cúis mhór áthais dom é torthaí an chláir mhonatóireachta náisiúnta d'iarmhair lotnaidicídí i mbia a chur i láthair, a chuir an Rannóg um Chlárú agus Rialú Lotnaidicídí den Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia ar bun sa bhliain 2009, le comhoibriú na Saotharlainne Rialaithe Lotnaidicídí, faoi théarmaí conartha seirbhíse leis an Údarás um Shábháilteacht Bhia in Éirinn. Is cúis mhór áthais ar leith dom a fhógairt gurb é seo an 20ú bliain d'fhoilsiú na tuarascála seo agus an 10ú bliain dó a bheith foilsithe ar shuíomh gréasáin mo Roinne.

Tá tábhacht shuntasach ag sábháilteacht bhia do gach duine atá bainteach leis an mbiashlabhra agus, trí thorthaí an chláir mhonatóireachta ar iarmhair lotnaidicídí, féadann tomhaltóirí a bheith cinnte nach ligtear leibhéil iarmhar do-ghlactha lotnaidicídí chucu, agus nach gcuirtear ach lotnaidicídí údaraithe ar bharr bia.

Tuigim tábhacht agus luach tionscal agraibhia na hÉireann d'eacnamaíocht na hÉireann agus tábhacht an chláir mhonatóireachta seo chomh maith i gcás iontaoibh a dhaingniú i sábháilteacht an tionscail agraibhia. Tugaim d'aire ach go háirithe go bhfuil an clár fós ag déanamh monatóireachta ar raon leathan tráchtearraí bia do líon méadaitheach lotnaidicídí agus meitibilítí, rud a chuireann cinntiú breise ar fáil go bhfuil an bia i margadh na hÉireann sábháilte do thomhaltóirí ó thaobh lotnaidicídí de.

Déanann an tSaotharlann Rialaithe Lotnaidicídí anailís ar shamplaí bia, agus tá an tSaotharlann creidiúnaithe ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú go caighdeán ISO 17025 d'anailís iarmhar roghnaithe lotnaidicídí i mbia de bhunús plandaí agus ainmhíoch. Leanfar le leathnú stádais chreidiúnaithe na saotharlainne chun lotnaidicídí agus tráchtearraí bia breise a chuimsiú. Cuireann an tuarascáil seo faisnéis mhionsonraithe ar fáil ar thorthaí an chláir samplála agus anailíse d'iarmhair lotnaidicídí i mbia iompórtáilte agus intíre ar aon do 2009.



Brendan Smith, T.D.

An tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

*An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.***CLÁR ÁBHAIR**

1	ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN	1
2	RÉAMHRÁ.....	3
3	CLÁR MONATÓIREACHTA	4
3.1	DEARADH AN CHLÁIR	4
3.2	MONATÓIREACHT AR THORTHAÍ AGUS AR GHLASRAÍ	5
3.3	MONATÓIREACHT AR GHRÁNAIGH	5
3.4	MONATÓIREACHT AR BHIA DE BHUNÚS AINMHÍOCH	5
3.5	MONATÓIREACHT AR THÁIRGÍ ILGHNÉITHEACHA	6
3.6	GNÁIS ANAILÍSEACHA	6
3.7	DEARBHÚ CÁILÍOCHTA	6
3.8	FORFHEIDHMIÚ AGUS LEANÚINT LE CÁSANNA	7
3.9	MEASÚNUITHE TOMHALTÓIRÍ.....	7
4	TORTHAÍ MONATÓIREACHTA	9
4.1	TORTHAÍ MONATÓIREACHTA DO THORTHAÍ AGUS DO GHLASRAÍ.....	9
4.2	MONATÓIREACHT AR THORTHAÍ DO GHRÁNAIGH	41
4.3	MONATÓIREACHT AR THORTHAÍ DO BHIA DE BHUNÚS AINMHÍOCH	43
4.4	TORTHAÍ DO SHAMPLÁÍ ILCHINEÁLACHA	45
4.5	TORTHAÍ DO THÁIRGÍ ORGÁNACHA	45
4.6	TORTHAÍ DO THÁIRGÍ PRÓISEÁILTE (TORTHAÍ, GLASRAÍ AGUS GRÁNAIGH).....	47
5	FORDHEIDHMIÚ AGUS CÚRAM LEANTACH.....	50
5.1	SAMPLÁIL SPRIODHÍRITHE AGUS REACTÚIL AR THORTHAÍ AGUS AR GHLASRAÍ	50
5.2	SAMPLÁIL SPRIODHÍRITHE AGUS REACTÚIL GRÁNAIGH	51
5.3	SAMPLÁIL SPRIODHÍRITHE AGUS REACTÚIL AR BHIA DE BHUNÚS AINMHÍOCH	51
5.4	SÁRUITHE ULI	51
5.5	ÚSÁIDÍ NEAMHCHLÁRAITHE	52
6	PLÉ	53
6.1	TORTHAÍ AGUS GLASRAÍ.....	53
6.2	GRÁNAIGH.....	55
6.3	BIA DE BHUNÚS AINMHÍOCH	56
6.4	MEASÚNUITHE TOMHALTÓIRÍ.....	57
6.5	CLÁR UM IMSCRÚDÚ SÁRUITHE.....	58
6.6	FOCAL SCOIR.....	59
7	IARSCRÍBHINNÍ.....	60
7.1	IARSCRÍBHINN I RIALACHÁIN ARNA SOCRÚ NA LEIBHÉIL UASTA D’IARMHAIR LOTNAIDICÍDÍ	60
7.2	IARSCRÍBHINN II GLUAIS NA DTÉARMAÍ.....	61
7.3	IARSCRÍBHINN III MODHANNA AGUS GNÁSANNA ANAILÍSEACHA A ÚSÁIDTEAR	63

7.4	IARSCRÍBHINN IV RAON ANAILÍSEACH AGUS MODHANNA ANAILÍSEACHA A ÚSÁIDTEAR DO BHIA-ÁBHAIR ÉAGSÚLA	64
-----	---	----

LIOSTA NA dTÁBLAÍ

Tábla 1:	líon na samplaí beartaithe agus na samplaí a baineadh amach i gclár monatóireachta 2009.....	9
Tábla 2:	Tábla achomair de shamplaí torthaí agus glasraí le hiarmhair lotnaidicídí.....	10
Tábla 3:	Sonraí na n-iarmhar lotnaidicídí arna mbrath samplaí torthaí agus glasraí.....	12
Tábla 4:	Sonraí ó fhoinse na dtorthaí agus na nglasraí a úsáideadh sa tsampláil.....	39
Tábla 5:	Achoimre de na 10 lotnaidicíd is mó a fuarthas ar thorthaí agus ar ghlásraí.....	40
Tábla 6:	Minicíocht na n-iarmhar iolrach lotnaidicídí i dtorthaí agus i nglasraí.....	40
Tábla 7:	Achoimre ar na samplaí gránaigh a tógadh.....	41
Tábla 8:	Samplaí gránaigh le hiarmhair lotnaidicídí braite iontu.....	41
Tábla 9:	Líon na samplaí beartaithe agus bainte amach sa Phlean Náisiúnta Iarmhair.....	43
Tábla 10:	Achoimre ar na samplaí de bhunús ainmhíoch i gclár monatóireachta 2009.....	44
Tábla 11:	Iarmhair braite i samplaí de bhia de bhunús ainmhíoch in 2009.....	45
Tábla 12:	Achoimre de shamplaí orgánacha arna analísiú sa bhliain (tógtha as Tábla 3).....	46
Tábla 13:	Sonraí na dtáirgí orgánacha le hiarmhair lotnaidicídí braite iontu in 2009.....	46
Tábla 14:	Achoimre de na samplaí torthaí agus glasraí a ndearnadh anailís orthu.....	47
Tábla 15:	Sonraí na samplaí próiseáilte le hiarmhair lotnaidicídí braite iontu.....	48
Tábla 16:	Sonraí na samplaí spriodhírthe agus reachtúla a tógadh in 2009.....	50
Tábla 17:	Achoimre ar shamplaí le sárúithe ULI in 2009.....	51
Tábla 18:	Na deich lotnaidicíd is minice a braitheadh ar thorthaí agus ar ghlásraí (2007-2009)....	54
Tábla 19:	Na lotnaidicídí is minice a braitheadh i samplaí gránaigh (2007 – 2009).....	55
Tábla 20:	Na Lotnaidicídí is minice a braitheadh i samplaí de shail duáin (2005 – 2009).....	57
Tábla 21:	Gaol idir sárúithe ULI agus GDT do dhaoine fásta agus leanaí Éireannacha.....	57
Tábla 22:	Gaol idir sárúithe ULI agus IIL d’ aosaigh agus leanaí Éireannacha.....	58

LIOSTA NA bhFÍORACHA

Fíor 1:	Líon na lotnaidicídí sa raon anailíseach le haghaidh samplaí torthaí agus glasraí (TG), gránach agus bia de bhunús ainmhíoch (BBA) ó 2005 go 2009.	53
Fíor 2:	Líon na samplaí torthaí agus glasraí arna n-anailísiú (2005 go 2009), líon gan aon iarmhar braite (níos lú ná an LCa), faoi bhun ULI (<ULI), os cionn ULI (>ULI).	54
Fíor 3:	Líon na samplaí gránaigh arna n-anailísiú (2005 go 2009), líon gan aon iarmhar braite iontu (níos lú ná LCa), faoi bhun ULI (<ULI), os cionn ULI (>ULI).	55
Fíor 4:	Líon na samplaí de bhia de bhunús ainmhíoch (saill duáin amháin) arna n-anailísiú (2005 - 2009), líon nár braitheadh aon iarmhair iontu (níos lú ná LCa), faoi bhun ULI (<ULI), os cionn ULI (>ULI).	56

GIORRÚCHÁIN

AE	Aontas Eorpach
CCOÉ	Comhghuaillíocht Cothúcháin Ollscoileanna Éireann
CE	Comhphobal Eorpach
CMRBB	Córas Mear-rabhaidh um Bia-ábhair agus Beathú
DFP	Défhéinil Pholachóirínithe
GDT	Géardháileog thagartha
I.R..	Ionstraim Reachtuil
IIL	Iontógail inghlactha laethúil
IO	Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh
mg kg ⁻¹	mileagram sa chileagram
RCRL	Rannóg um Chlárú agus Rialú Lotnaidicídí
RTIB	An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh & Bia
SRL	Saotharlann Rialaithe Lotnaidicídí
TC	Teorainn Chinntiúcháin
TCa	Teorainn Chainníochta
ULI	Uasleibhéal Iarmhar
ÚSBÉ	Údarás um Shábháilteacht Bhia Éireann

1 ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Soláthraíonn an tuarascáil seo ar an gClár Monatóireachta Náisiúnta ar iarmhair lotnaidicídí i mbia, a chuir an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (RTIB) ar bun sa bhliain 2009, sonraí ar iarmhair a aimsíodh i mbia atá ar fáil i margadh na hÉireann.

Cuireann an clár reachtaíocht an AE i bhfeidhm a aimsíonn Uasleibhéil Iarmhair (ULI) agus cinntíonn sé nach mbeidh iarmhair lotnaidicídí ina mbaol do-ghlactha do thomhaltóirí agus go n-úsáidtear lotnaidicídí de réir *Dea-chleachtas Talmhaíochta*. Éilíonn sé go dtógtar 1,260 samplaí de 97 tráchtearra torthaí, glasraí, gráin agus táirgí de bhunús ainmhithe agus go ndéantar anailís orthu i saotharlann, atá creidiúnaithe go ISO 17025, do 334 lotnaidicídí len iad a scrúdú le haghaidh comhlíonadh reachtaíocht AE agus náisiúnta maidir le táirgí cosanta bia. Comhaontaíodh an clár le hÚdarás Náisiúnta na hÉireann um Shábháilteacht Bhia agus chomhlíon sé reachtaíocht Eorpach.

Sa bhliain 2009, tógadh 1,323 sampla monatóireachta (787 toradh agus glasra, 75 gránach agus 462 de bhunús ainmhithe) agus rinneadh anailís orthu d'fhonn iarmhair lotnaidicídí agus ceimicí a aimsiú sa tSaotharlann Rialaithe Lotnaidicídí. Cuireadh sampláil ar bun ag ionaid mhórdóiltoirí, miondóiltoirí, muillin ghráin nó monarchana feola agus rinneadh sampláil ar tháirgí bia intíre agus iompórtáilte

Torthaí & glasraí

De na torthaí agus glasraí a ndearnadh sampláil orthu, níor aimsíodh iarmhair i 41% díobh, bhí iarmhair de 1 lotnaidicíd i 17.4% agus bhí iarmhair de dhá lotnaidicíd nó níos mó sa chuid eile (41.6%). Bhí beagnach 50% de na hiarmhair aimsithe i dtorthaí agus glasraí ag leibhéil faoi bhun, nó cothrom le 0.05 mg kg⁻¹. Bhí 9 n-iarmhair lotnaidicídí cuimsithe i sampla de shú talún de bhunús intíre, an líon is mó lotnaidicídí aimsithe i sampla amháin. An tráchtearra is minice ar aimsíodh lotnaidicídí ann ná torthaí citris, i 35% de na samplaí. Ba de bhunús AE an chuid is mó de na torthaí agus glasraí a ndearnadh sampláil orthu, agus an Spáinn mar phríomhfhoinsé. Ba é iomasailil an lotnaidicíd is minice a aimsíodh, braite in 18% de na samplaí anailísithe, i torthaí citris go príomha. Cuimsithe i ndeich samplaí bhí iarmhair os cionn na teorann dlíthiúla (ULI), agus léirigh 5 shampla iarmhair neamhchláraithe de tháirgí cosanta plandaí. Níor tharla gur sáraíodh an Iontógáil Inghlactha Laethúil (IIL) nó an Géardháileog Tagartha (GDT) de bharr na niarmhair braite de na lotnaidicídí ábhartha.

Gránaigh

Níor aimsíodh aon iarmhair i seasca faoin gcéad de na samplaí a ndearnadh sampláil orthu. Pirimeafosmeitil ab ea an lotnaidicíd is minice a aimsíodh. Ba de bhunús Éireannach 56% de na samplaí a ndearnadh anailís orthu. Níor aimsíodh iarmhair in aon sampla a sháraigh an teorainn dhlíthiúil.

Bia de bhunús ainmhithe

Ba de bhunús intíre formhór an bhia de bhunús ainmhithe a ndearnadh sampláil air faoin bPlean Iarmhair Náisiúnta, agus níor aimsíodh aon iarmhair i 97.4% de na samplaí. Aimsíodh iarmhair i samplaí saille duán i 2.6% de na samplaí, agus is DDT an t-iarmhair is minice a aimsíodh, agus tá sé dóchúil gur éillíúchán is cúis leis seo a tharla in úsáid san am atá thart. Ní raibh aon cheann de na hiarmhair os cionn teorainneacha dlíthiúla ábhartha. Níor aimsíodh aon iarmhair i mbainne, im nó mil

Leanúint le cásanna

Rinneadh imscrúdú ceart ar gach cás neamh-chomhlíonta agus leanadh leo. Nuair a aimsítear iarmhair neamhchomhlíonta, déantar measúnuithe riosca, bunaithe ar an leibhéal iarmhar aimsithe agus ar shonraí iontógála bia náisiúnta, a chur ar bun chun an baol do thomhaltóirí a dhearbhu agus le haon ghníomh leantach ar ghá a dhéanamh a threorú. Tógadh cúig shampla shonraithe mar pháirt de chlár imscrúdaithe de bharr neamh-chomhlíonta aimsithe in 2008. Níor aimsíodh aon athchion agus ní raibh aon ghá le gníomh leantach dá bharr.

Ba é aimsiú défheinil pholachlóirínithe (DFP) i muiceoil na hÉireann in 2008 ab chúis le géarchéim na ndé-oscaín a raibh tionchar suntasach diúltach aige ar iontógáil agus díol muiceola na hÉireann. Mar pháirt de chlár rialaitheach leantach, rinneadh anailís ar 213 sampla gránach agus bia do DFP in 2009. Níor aimsíodh aon iarmhair sna samplaí a ndearnadh sampláil orthu.

Tá an RTIB ag leanúint lena dtiomantas maidir leis an gclár monatóireachta a threisiú. Trí optamú agus leathnú a dhéanamh ar mhodhanna anailíseacha d'iarmhair lotnaidicídí, leanfaidh RTIB leis ag déanamh imscrúdaithe déine ar mhí-úsáid agus ar shárú caighdeán dlíthiúil agus cuirfidh sé leibhéal ard cosanta ar fáil do thomhaltóirí.

2 RÉAMHRÁ

Cuimsithe i lotnaidicídí tá táirgí cosanta plandaí agus bithicídí. Tá gá le táirgí cosanta plandaí chun barra agus táirgí plandaí a chosaint ó dhamáiste ag feithid, fungais, fiailí nó lotnaidí eile. Ní féidir táirgeadh agus dáileadh a dhéanamh ar mhéid dóthanach bia chun freastal ar éileamh tomhaltóirí ar cháilíocht ag praghas réasúnta gan iad a úsáid. Tá táirgí biticídeacha riachtanach chun dromchlaí, uirlisí agus innealra a úsáidtear i dtionscal an bhia a dhífhabhtú agus srian a chur ar ghníomhaíocht raon orgánach díobhálach.

I gcás an-chuid táirgí cosanta plandaí agus biticídeacha, is gá iad a scaoileadh sa chomhshaol, rud a chiallaíonn go bhféadfadh oibreoirí, tomhaltóirí agus an pobal i gcoitinne a chur faoi lé táirgí dá leithéid nó rianta iarmharacha fágtha i mbia. Tá sé riachtanach dá bharr go ndéanfar rialú daingean ar tháirgí dá leithéid.

Déantar iarmhair lotnaidicídí a rialú in Éirinn trí chur i bhfeidhm reachtaíochta Eorpaí, Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, a shocraíonn Uasleibhéil Iarmhar (ULI) do gach lotnaidicíd a úsáidtear ar thorthaí agus glasraí, gránaigh agus bia de bhunús ainmhithe. Socraíonn rialachán (CE) Uimh.2377/1990 ULI do lotnaidicídí áirithe a úsáidtear do tháirgí tréidliachta.

Déantar rialú breise ar lotnaidicídí trí reachtaíocht a chuireann Treoir an Chomhairle 91/414/CEE i bhfeidhm, ina n-ordaítear gur ghá gach táirge cosanta plandaí a chlárú sula gcuirtear ar an margadh iad. Sonraíonn córas cláraithe na hÉireann uainiúchán, minicíocht, rátaí agus na barra ar féidir an lotnaidicíd a úsáid orthu. Is coir atá i lotnaidicíd neamh-chláraithe a úsáid.

Nuair a sháraítear ULI, cuirtear ríomh iontógála cothaithe ar bun chun a aimsiú an bhfuil an t-iarmhar ina bhaol do thomhaltóirí Éireannacha, aosaigh agus leanaí araon. Cuirtear torthaí na measúnuithe seo ar fáil don ÚSBÉ agus déanann siad siúd é a dhearbhú go neamhspleách. Nuair a fheictear go bhfuil gá, mar shampla nuair a sháraíonn iontógáil lotnaidicíde críochphointí tocsaineolaíoch, déanann an ÚSBÉ Mearrabadh ¹ a eisiúint agus glacann oifigigh na Rannóige Cláraithe agus Rialaithe Lotnaidicídí (RCRL) den Roinn Talmhaíocht, Iascaigh agus Bia (RTIB) na céimeanna forfheidhmithe cuí. Seans go mbeadh baint an táirge ábhartha ón margadh i gceist leis seo agus go ndéanfaí an táirge a scrios ar chostas an úinéara. Féadann an tAire an ciontóir a ionchúiseamh nó fíneálacha riaracháin a chur i bhfeidhm.

‘Cuireann ‘An Tuarascáil um Iarmhair i mBia 2009’ sonraí na dtorthaí ar fáil a fuarthas i rith 2009 ó chlár náisiúnta monatóireachta ar bhia d’fhonn láithreach iarmhair lotnaidicídí a aimsiú, agus tá sé ar an 20ú tuarascáil sa tsraith tuarascálacha bliantúla.

Tá mínithe ar na téarmaí teicniúla éagsúla a úsáidtear sa tuarascáil seo ar fáil i ngluais ag deireadh na tuarascála (Iarscríbhinn II).

¹ Rialachán (CE) Uimh.178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 28 Eanáir 2002.

3 CLÁR MONATÓIREACHTA

Is iad RCRL na RTIB a réachtálann an clár monatóireachta náisiúnta d'iarmhair lotnaidicídí le tacaíocht saotharlainne ón tSaotharlann Rialaithe Lotnaidicídí (SRL). Cuireann an clár riachtanais Rialacháin (CE) Uimh.396/2005, Rialacháin (CE) Uimh.377/1990 i bhfeidhm agus tógann sé na riachtanais atá leagtha amach i “*gclár rialaithe comhordaithe ilbhliantúil Pobail do 2009/2010 agus 2011 chun comhlíonadh uasleibhéil de, agus measúnú a dhéanamh ar neamhchosaint tomhaltóirí in aghaidh iarmhar lotnaidicídí i agus ar bhia de bhunús plandaí agus ainmhíoch*”, (Rialachán an Choimisiúin (CE) Uimh.1213/2008).

Déantar an clár bliantúil monatóireachta a réachtáil le socrúithe conartha idir an RTIB agus an Údarás um Shábháilteacht Bhia na hÉireann (ÚSBÉ)² agus i gceist leis tá sampláil táirgí iompórtáilte agus intíre. Cinntíonn an clár nach gcuirtear tomhaltóirí faoi lé iarmhair do-ghlactha lotnaidicídí i mbia, go gcuirtear táirgí cosanta plandaí i bhfeidhm ar bhealach ceart, agus go ndéantar úsáid neamh-údaraithe táirgí dá leithéid in Éirinn a rialú.

3.1 Dearadh an Chláir

Tá an clár deartha le monatóireacht a dhéanamh ar thrí ghrúpaí éagsúla bia a bhfuil ULI bunaithe dóibh: torthaí agus glasraí, gránaigh agus bia de bhunús ainmhíoch. I gceist leis tá sampláil torthaí ag asraonta dáileacháin, bailiúcháin, stórála, próiseála nó ag áitribh mharaithe agus déantar anailís ar na samplaí sin d'fhonn láithreacht iarmhar lotnaidicídí a bhrath.

Chuir an clár monatóireachta do 2009 seo a leanas san áireamh -

- i an clár comhordaithe atá mar riachtanas ag an gCoimisiún Eorpach³,
- ii patrúin iontógála cothaithe tomhaltóirí Éireannacha⁴ (daoine fásta agus leanaí),
- iii próifíl iarmhar na dtráchtearraí mar a socraíodh ó thorthaí an chláir mhonatóireachta i mblianta roimhe,
- iv torthaí ó chláir eile de chuid Ballstát agus clár comhordaithe an AE,
- v sonraí ó díol lotnaidicídí,
- vi láimhseáil/próiseáil bia roimh thomhaltas.

Is é an clár monatóireachta an príomh-mhodh atá ann chun a chinntiú go n-úsáidtear táirgí cosanta plandaí (lotnaidicídí) de réir *Dea-Chleachtas Talmhaíochta* agus tá an clár riachtanach má táthar chun mí-úsáid táirgí cláraithe agus úsáid táirgí neamhchlárthaithe a chosc. Is féidir táirgí cosanta plandaí, cláraithe faoi Threoir 91/441/CEE, a mhí-úsáid ar bhealaí éagsúla, m.sh., úsáid dáileog iomarcach, loiceadh measa léirithe d'íostréimhsí sonraithe idir an t-iarratas deireanach agus fómhar (i.e. idirthréimhsí réamhfómhair) agus úsáid chun críocha nach bhfuil údaraithe (i.e. úsáidí neamh-chláraithe). Nuair a úsáidtear táirgí cosanta plandaí de réir *Dea-Chleachtas Talmhaíochta*, níor chóir go n-aimseofar leibhéil iarmhar do-ghlactha i dtáirgí cóireáilte.

² Tá Seirbhís Conartha ann idir an tÚdarás um Shábháilteacht Bhia na hÉireann agus an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia ó 2008

³ Moladh ón gCoimisiún ar an 5 Nollaig 2008, maidir le clár monatóireachta comhordaithe do 2008 chun comhlíonadh a chinntiú d'uasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i agus ar ghránaigh agus táirgí áirithe eile de bhunús plandaí (2008/1213/CE) IR Uimh L 328/9.

⁴ IUNA, CCOÉ, Comhghuaillíocht Cothúcháin Ollscoileanna na hÉireann. Bunachar Sonraí an Tuaiscirt agus Deiscirt, 2001 agus Suirbhé Náisiúnta Bia Leanáí 2005

De réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí Gníomhacha Áirithe i dTáirgí Cosanta Plandaí a Thoirmeasc), 1981 go 1990, tá cosc ar mhargaíocht a dhéanamh agus úsáid a bhaint as táirgí cosanta plandaí áirithe de bharr an bhaoil a chruthaíonn siad do shláinte an duine nó na timpeallachta ina bhfuil siad á n-úsáid. Tá an clár monatóireachta mar tháscaire chomh maith do leibhéal comhlíonta na bhforálacha sin

3.2 Monatóireacht ar thorthaí agus ar ghlasraí

Tá monatóireacht ar shampláil claonta i dtreo tráchtearraí bia a bhfuil tábhacht cothaithe níos suntasaí ag baint leo. Laistigh de ghrúpaí tráchtearraí áirithe, tógtar samplaí go randamach. Déantar sampláil ar tháirgí intíre agus iompórtáilte ar aon, ag leibhéal mórdhíola go príomha. Cinntíonn an cur chuige seo go bhfuil na samplaí a thógtar mar léiriú ar phatrúin iontógála agus éascaíonn sé, más gá, aon bheart roimh thomhaltas. Mar pháirt den chlár monatóireachta, féadfar táirgí orgánacha a shampláil go randamach nuair a fheictear in áitribh miondíola agus mórdhíola iad. Is iad oifigigh chláráithe ón RCRL a dhéanann an sampláil ar an mbia de bhunús plandaí agus ar na gránaigh de réir na Treorach samplála, 2002/63/CE Déantar samplaí a lipéadú le huimhreacha aitheantais leithleacha, a shéalú agus tógtar ansin iad chuig an tsaotharlann ar son anailíse.

In 2009, beartaíodh ar 750 samplaí torthaí agus glasraí a thógáil, táirgí próiseáilte de bhunús ainmhithe san áireamh.

3.3 Monatóireacht ar ghránaigh

Baineann an t-ábhar is mó cúraim dúinn i gcás gránach le hiarmhair a tharlaíonn de bharr táirgí cosanta plandaí a bheith curtha ar bharr i ndiaidh fómhair. Tá an clár samplála do ghránaigh teoranta, ar chúiseanna praiticiúla, go sampláil agus anailís ar ghránaigh a úsáidtear sna tionscail mhuilleoireachta, brachaigh agus gránach bricfeasta. Déantar sampláil ar ghránaigh agus táirgí gránach ar bhonn randamach i muillin, agus áiteanna tionóil nó stórála agus is iad oifigigh údaraithe RCRL a dhéanann an sampláil.

Sa bhliain 2009, beartaíodh ar 80 sampla gránach a thógáil.

3.4 Monatóireacht ar bhia de bhunús ainmhíoch

Tógtar samplaí randamacha de shamplaí saille duán buaibheach, muc, éanlaith clóis, eachaí agus fiafheola ag monarchana próiseála feola éagsúla ar fud na tíre de réir an chláir mmonatóireachta atá eagraithe ag Aonad Tréidliachta RTIB. Tógtar na samplaí saille ar a ndéantar anailís ó ainmhithe aonair ag monarchana. Déantar táirgí déiríochta, uibheacha agus meala a shampláil i monarchana táirgeachta nó pointí tionóil. Seasann gach táirge déiríochta do bhulc-choinsíneacht áirithe. Is iad oifigigh ón gCigireacht Tréidliachta a thóg samplaí den bhia ó bhunús ainmhíoch nuair is feoil a bhí i gceist, oifigigh ón gCigireacht Talmhaíochta a thóg samplaí uibheacha agus meala, agus oifigigh ón gCigireacht Déiríochta a thóg samplaí de tháirgí déiríochta. Tógtar gach sampla de réir riachtanas na Treorach 96/23/CE.

Sa bhliain 2009, beartaíodh ar 430 sampla de bhia de bhunús ainmhíoch.

3.5 Monatóireacht ar tháirgí ilghnéitheacha

Ó am go ham, cuireann Seirbhísí Stáit eile, Údaráis Áitiúla, tomhaltóirí agus páirtithe leasmhara eile samplaí gearáin nó amhrasacha isteach chuig an tsaotharlann le go ndéanfaidh an RTIB anailís orthu. Cé nach bhfuil sé indéanta líon na samplaí a thiocthadh isteach a réamh-mheas, tá foráil cuimsithe sa chlár pleanáilte do 5 shampla a chur isteach.

3.6 Gnáis Anailíseacha

Ta na modhanna anailíseacha a úsáidtear sa SRL iliarmharach den chuid is mó, cur chuige a uasmhéadaíonn táirgeacht na saotharlainne. Úsáideadh na modhanna mion-Luke agus QuEChERS⁵ chun iarmhair a bhaint ó shamplaí torthaí, glasraí agus meala sa chlár seo. Úsáideadh modh aiceatáit eitile na nDúitseach chomh maith i samplaí gránach. Úsáideadh modh leasaithe Gearmánach, ag baint úsáide as aicéitínítríl agus aicéatón, agus ina dhiaidh sin úsáideadh glanadh glóthach tréscailte chun na hiarmhair a bhaint ó shamplaí saille. Úsáideadh modh QuEChERS leasaithe do bhainne agus uibheacha

Rinneadh anailís ar shamplaí ag baint úsáide as crómatagrafaíocht gháis agus leachta le mais-speictreaméadracht ian roghnaitheach mar mhodh braite. I gcásanna áirithe, baineadh úsáid chomh maith as brathadóirí sonracha ar nós leictreonghabhála nó brathadóirí splanc-fhótaiméadrachta chun láithreach roinnt iarmhar lotnaidicídí a bhraith agus a dheimhniú sna samplaí saille. Rinneadh anailís ar líon roghnaithe samplaí chun teacht ar chlormequat, mepiquat agus déithiacarbanáití ag baint úsáide as modhanna iarmhair aonair. Cuireadh an modh do chlormequat agus mepiquat isteach sna gnáis sa bhliain 2009. Tá tagairt do na modhanna anailíseacha atá in úsáid ag an tsaotharlann ar fáil in Iarscríbhinn III.

Ar fáil in Iarscríbhinn IV tá liosta de hiarmhair na lotnaidicídí atá á lorg agus íogaireacht na modhanna anailíseacha a úsáidtear do bhia de bhunús plandaí agus ainmhíoch.

3.7 Dearbhú cáilíochta

Sa bhliain 2009, rinne Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú iniúchóireacht ar an SRL agus deimhníodh a stádas creidiúnaithe go caighdeán ISO 17025 an athuair. Féadfar na lotnaidicídí sa scóp creidiúnaithe a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú ag www.inab.ie. Uimhir chláráithe an SRL ná 121T.

Ghlac an tsaotharlann páirt i ngach ceann de na 4 staidéar Inniúlachta AE a eagraíodh, thar ceann Coimisiún an AE, ag na Saotharlanna Tagartha i réimse na lotnaidicídí, ag baint úsáide as chóilís, im agus 2 mhairís gránach. De bhreis ar sin, ghlac an tsaotharlann páirt i 4 tástálacha inniúlachta (fíonchaora, cúcamair, péitseoga agus ola glasraí), a d'eagraigh an Food Analysis Performance Assessment Scheme (FAPAS)⁶. Leantar gnáis ghnáthaimh dearbhaithe laistigh den tsaotharlann de réir na riachtanas sonraithe chun creidiúniú a choinneáil ag caighdeán ISO 17025.

⁵ QuEChERS (Quick Easy Cheap Easy Rugged Safe) - mear-mhodh anailíseach a úsáideann baint solad-phas

⁶ FAPAS - gníomhaireacht feidhmiúcháin i Roinn Comhshaoil, Bia agus Gnóthaí tuaithe na RA (DEFRA)

3.8 Forfheidhmiú agus leanúint le cásanna

Tá minicíocht leibhéal iomarcach iarmhar i dtráchtearraí bia áirithe, a chruthaíonn dainséar do shábháilteacht tomhaltóirí, do-ghlactha. Mar pháirt den chlár imscrúdaithe sárúithe, díritear ar thráchtearraí de bhunús sonrach d'fhonn iniúchadh breise a dhéanamh. Is í sampláil shonraithe ar tháirgí atá aimsithe, sa chlár monatóireachta, le bheith ag sárú ULI bhunaithe an príomh-mhodh le dearbhú an bhfuil na sárúithe ag tarlú de bharr mí-úsáide córasach lotnaidicídí nó an eachtraí ar leithlis iad. Is é is aidhm don chlár imscrúdaithe sárúithe ná mí-úsáidí dá leithéid a aimsiú agus a chinntiú nach dtarlaíonn siad an athuair.

Sonraítear táirge do shampláil ar bhonn faisnéise bailithe tríd an clár monatóireachta, nó trí Rabhadh Bia eisithe ag ÚSBÉ nó fógra Mear-Rabhaidh dáilte ag an gCoimisiún Eorpach. Coinnítear an lasta/coinsíneacht ar fheithreamh anailíse. Stiúránn an toradh anailíseach an cineál gnímh is cóir a thógáil i gcás an táirge choinnithe. Nuair a léiríonn na torthaí sárú soiléir ULI, le héiginnteacht anailíseach de 50% san áireamh, d'fhéadfadh go mbeadh baint an táirge ón margadh i gceist leis an ngníomh leantach agus scrios an táirge ábhartha, fíneáil riaracháin nó tosú imeachtaí dlí.

I gcásanna ina mbraitear úsáid lotnaidicídí neamh-chlárúithe, déantar iniúchadh ar áitreabh agus taifid na saothróirí Éireannacha atá i gceist. Déantar sampláil ar tháirgí na saothróirí seo i rith na bliana dá éis chun a chinntiú nach dtarlaíonn an coir an athuair.

Rinne an clár monatóireachta foráil do suas go 15 samplaí forfheidhmithe torthaí agus glasraí a tháinig as sárúithe ULI agus úsáidí neamh-chlárúithe braite in 2008.

3.9 Measúnuithe tomhaltóirí

Nuair a aimsítear go bhfuil iarmhar lotnaidicídí i sampla a sháraíonn an ULI, déantar measúnú riosca chun críocha na hiarmhairte ar thomhaltóirí, idir aosaigh agus leanaí, a mheas. Fad is a bhíonn measúnú á déanamh ar an iarmhairt a bhíonn ag neamhchosaint ag tomhaltóirí, trí chothú, in aghaidh iarmhairt lotnaidicídí, ní mór géar-amlú agus amlú ainsealach a chur faoi chaibidil. Cuireadh an measúnú iontógála cothaithe do lotnaidicídí nimhiúla ainsealacha ar bun ag baint úsáide as meánsonraí tomhaltais thar tréimhse bhreisithe, agus cuireadh an measúnú iontógála do lotnaidicídí géar-nimhiúla ar bun ag baint úsáide as sonraí tomhaltais thar tréimhse 1 lá ar a mhéid.

3.9.1 Measúnú géar-riosca

Chun críocha measúnú a dhéanamh ar iarmhairt ghéar-amlaithe, caithfear na huasleibhéil réasúnta amlaithe dóchúla (97.5ú peircintíl amlaithe) thar lá amháin agus an éifeacht a bheadh ag amlú dá leithéid a chur sa chaibidil. Do thráchtarraí ina bhfuil aonaid atá ar thoisí móra (m.sh. mealbhacáin) nó aonaid atá ar thoisí meánacha (m.sh. torthaí citreacha agus torthaí póma), cuirtear fachtóir inaithreachta i bhfeidhm chun dáileadh féideartha neamh-chothrom iarmhar sna samplaonaid a chur san áireamh. Fad is bhíonn measúnú á dhéanamh ar éifeacht géar-amlaithe, déantar an leibhéal amlaithe a chur i gcomparáid leis an nGéardáileog Tagartha (GDT) atá bunaithe do lotnaidicídí áirithe. Nuair a shocraítear GDT, cuimsítear fachtóir sábháilteachta ann le cinntiú go ndéantar daoine breacaosta, naíonáin agus leanaí agus iad siúd a bheadh faoi strus de bharr tinnis a chosaint. Ós rud é nach léiríonn roinnt lotnaidicídí géar-nimhiúlacht, níor socraíodh nó ní dhearnadh riachtanacha luachanna GDT do gach lotnaidicíd. Reáchtáiltear measúnaithe ag baint úsáide as an meastachán cinnteachaíoch nó pointe, agus ceaptar go ginearálta go dtugann se rómheastachán suntasach den mbaol do thomhaltóirí. Trí ríomh dá leithéid agus fíoracha iontógála a úsáid, tá gach ceann de na fíoracha iontógála, seachas na cinn is foirní ar fad, curtha san áireamh sa mheasúnú ar ghéar-iarmhairt chothaithe na n-iarmhar seo ar thomhaltóirí Éireannacha. Faoi láthair, tá an RCRL ag déanamh forbartha ar shamhail níos míne de mheasúnú riosca ag bhaineann úsáid as cur chuige dóchúlaíoch le meastachán níos cruinne a thabhairt ar an amlú ata ann do thomhaltóirí Éireannacha do lotnaidicídí.

3.9.1 Measúnú riosca ainsealach

Chun críocha measúnú a dhéanamh ar iarmhairt amlaithe ainsealacha, caithfear leibhéal an amlaithe thar thréimhse saoil a mheas. Tá na teicnící do na measúnuithe seo dea-fhorbartha agus is éard atá i gceist leo ná na meánleibhéil den amlú dóchúil a mheas i gcoibhneas leis an iontógáil inghlactha laethúil (IIL) do lotnaidicídí indibhidiúla. Meastar luachana IIL, is é sin leibhéal uasta inghlactha in aghaidh an lae thar thréimhse saoil nach gceaptar aon tionchar neamhfhábhach tocsaineolaíoch a bheith. I gcás measúnaithe ina sáraíonn an gaol idir IIL agus leibhéal na n-iarmhar i láthair sna samplaí, a sháraíonn ULI, tá riosca ag baint leo do thomhaltóirí Éireannacha (daoine fásta agus leanaí) bainteach le hiontógáil chothaithe na n-iarmhar sin. Faightear na figiúir a úsáidtear do thráchtarraí indibhidiúla ó shuirbhé cothaithe ar leanaí ó 1996-1998 a rinne Comhghuaillíocht Cothúcháin Ollscoileanna Éireann (CCOÉ).

I gcás tomhaltóirí a bhíonn faoi lé iarmhar ainsealach lotnaidicídí tocsaineacha, ní bheadh a sláinte i mbaol ach amháin dá sáródh a n-iontógáil san aiste bia an IIL gach lá ar feadh tréimhse fhada.

4 TORTHAÍ MONATÓIREACHTA

Aontaíodh an líon beartaithe de shamplaí monatóireachta (1,260) le haghaidh chlár monatóireachta 2009 leis an ÚSBÉ. Cinneadh ar an líon beartaithe samplaí do bhia de bhunús ainmhithe (430) i gcomhar le hAonad Leighis Tréidllachta RTIB, mar chuid den Plean Náisiúnta Iarmhar faoi Threoir 96/23/CE.

San iomlán tógadh 1,324 sampla monatóireachta, agus ina measc bhí:

- 787 sampla torthaí agus glasraí, lena n-áirítear 111 sampla de tháirgí próiseáilte,
- 75 sampla gránaigh,
- 462 sampla bia de bhunús ainmhíoch.

Cuireann Tábla 1 miondealú sonrath ar fáil de líon na samplaí beartaithe agus na samplaí a baineadh amach.

Tábla 1: Líon na samplaí beartaithe agus na samplaí a baineadh amach i gclár monatóireachta 2009

Tráchtearra	Beartaithe	Bainte Amach
Caora agus torthaí beaga	60	58
Glasraí Brassica	20	22
Glasraí Bleibe	5	5
Gránaigh	80	75
Torthaí Citris	125	114
Glasraí Torthaithe	40	64
Fungais	20	19
Glasraí Duilleacha	60	59
Torthaí Léagúim	15	15
Torthaí ilchineálacha	70	66
Síolta ola/Spíosra	0	0
Torthaí Póma	125	121
Prátaí	40	34
Bia Próiseáilte	80	111
Glasraí Fréimhe agus Tiúbair	30	43
Glasraí Gais	20	20
Torthaí Cloch	40	36
Bia de bhunús ainmhíoch	430	462
Iomlán	1260	1324

4.1 Torthaí monatóireachta do thorthaí agus do ghlasraí

Rinneadh anailís ar 787 sampla torthaí agus glasraí le haghaidh 331 lotnaidicíd agus anailís ag baint úsáide as modhanna iliarmharach anailíse, agus rinneadh anailís ar 74 sampla torthaí agus glasraí le haghaidh lotnaidicídí déthiacarbanáit ag baint úsáide as modh CS₂ agus rinneadh anailís ar 36 sampla torthaí agus glasraí le haghaidh na rialaitheoirí fáis, chlormequat agus mepiquat. Chuir cur i gcrích an mhodha forbartha agus na hoibre bailíochtaithe in 2008 ar chumas anailís na saotharlainne an líon lotnaidicídí agus meitibilítí a mhéadú ó sa bhliain 2008 chuig 334 sa bhliain 2009.

Tá achoimre ar thorthaí agus ar bhunús na dtráchtearraí glasraí sonracha le fáil i dTábla 2.

Tábla 2: Tábla achomair de shamplaí torthaí agus glasraí le hiarmhair lotnaidicídí

Tráchtearra	Líon na samplaí					Iarmhar		
	Iomlá n	Intíre	AE	Neamh-AE	Anaithnid	<LCa	≤ULI	>ULI
Úill	84	0	46	37	1	11	71	2
Sú Úill	11	1	2	0	8	11	0	0
Aibreog	4	0	4	0	0	1	2	1
Lus Sógach	4	0	1	2	1	3	1	0
Ubhthoradh	15	0	15	0	0	4	11	0
Abhacád	10	0	1	9	0	9	1	0
Banana	16	0	0	16	0	4	12	0
Fraochán Gorm	7	0	4	3	0	6	1	0
Pónaire le Cochail	1	0	0	1	0	1	0	0
Brocaílí	3	0	2	1	0	3	0	0
Cairéid	26	6	16	2	2	15	11	0
Sú Chairéid	1	0	0	0	1	1	0	0
Cóilis	15	8	7	0	0	14	1	0
Soilire	11	1	8	1	1	3	8	0
Chayote	1	0	1	0	0	1	0	0
Silín	9	0	1	7	1	2	6	1
Cabáiste Síneach	2	0	2	0	0	2	0	0
Cleimintín	25	0	14	11	0	1	24	0
Cúirséad	4	0	4	0	0	3	1	0
Mónóg	1	0	0	1	0	0	1	0
Sú Mónóige	2	0	0	0	2	2	0	0
Cúcamar	5	2	3	0	0	4	1	0
Míosrún Saothraithe	19	13	3	0	3	10	9	0
Eindíbh	1	0	1	0	0	0	1	0
Gairleog	1	0	1	0	0	0	1	0
Gircín	1	0	0	1	0	1	0	0
Sinséar	1	0	0	1	0	1	0	0
Sú Fíonchaoire	4	0	0	0	4	4	0	0
Seadóg	12	0	2	9	1	3	9	0
Sú Seadóige	2	0	0	0	2	1	1	0
Sú Guava	1	0	0	0	1	1	0	0
Cabáiste	2	2	0	0	0	0	2	0
Cibhái	18	0	11	7	0	8	10	0
Cumcuat	1	0	0	1	0	1	0	0
Leitís Uan	1	0	1	0	0	1	0	0
Caineann	6	2	4	0	0	3	3	0
Liomóid	12	0	5	7	0	1	11	0
Leitís	1	0	0	0	1	1	0	0
Leitís	44	22	22	0	0	13	31	0
Líoma	5	0	0	5	0	0	5	0
Lítsí	1	0	0	1	0	0	1	0
Mandairín	25	0	10	15	0	1	22	2
Mangó	12	0	0	12	0	3	9	0
Sú Mangó	1	0	0	0	1	1	0	0

Tráchtearra	Líon na samplaí					Iarmhar		
	Iomlá n	Intíre	AE	Neamh- AE	Anaithnid	<LCa	≤ULI	>ULI
Mealbhacán	3	0	1	2	0	2	1	0
Mízuna	1	0	1	0	0	0	1	0
Neachtairín	6	0	5	1	0	2	4	0
Oinniúin	2	0	1	1	0	2	0	0
Oráiste	43	0	12	31	0	4	38	1
Sú Oráiste	18	0	0	2	16	15	3	0
Meacan Bán	6	3	3	0	0	0	6	0
Páiseog	1	0	0	1	0	0	1	0
Péitseog	8	0	6	1	1	5	3	0
Piorra	40	0	22	18	0	17	23	0
Pis le Cochaill	1	0	0	1	0	0	1	0
Pís gan Cochaill	15	0	4	0	11	11	4	0
Piobar	17	4	13	0	0	12	5	0
Anann	8	0	0	7	1	4	4	0
Sú Anann	3	0	0	1	2	3	0	0
Pluma	15	0	12	2	1	7	8	0
Pomagránait	4	0	2	2	0	3	1	0
Práta	34	13	16	4	1	26	7	1
Raidis	2	0	2	0	0	2	0	0
Rísín	1	0	0	1	0	1	0	0
Sú Talún	6	1	5	0	0	1	5	0
Biabhóg	2	2	0	0	0	2	0	0
Ruachán	1	0	1	0	0	1	0	0
Satsúma	9	0	0	9	0	0	9	0
Scarole	2	1	1	0	0	1	1	0
Dátphlúma Shéarón	1	0	1	0	0	1	0	0
Spionáiste	11	0	11	0	0	5	6	0
Oinniún Earraigh	2	0	0	2	0	2	0	0
Sú Craobh	22	11	8	3	0	3	19	0
Scuais	2	0	0	2	0	2	0	0
Arbhar Milis	7	0	1	1	5	6	1	0
Práta Milis	2	0	0	2	0	2	0	0
Fíonchaor	23	0	6	17	0	2	21	0
Ológ	1	0	1	0	0	1	0	0
Tráta	19	2	14	2	1	10	9	0
Sú Tráta	2	0	0	0	2	2	0	0
Tornapa	6	6	0	0	0	5	0	1
Fíon	10	0	5	5	0	5	5	0
Ionam	3	0	0	3	0	1	1	1
Iomlán	787	100	345	271	71	323	454	10

I dTábla 3 tá sonraí na leibhéal iarmhar lotnaidicídí i dtráchtearraí éagsúla amha agus próiseáilte torthaí agus glasraí, maille le huimhreacha aitheantais na samplaí, tír bunúis (i gcás go bhfuil sin ar eolas) agus an ULI ábhartha do gach substaint bhraite. I gcás nach raibh aon ULI cinntitheach ann, baineadh feidhm as luach de 0.01 mg kg⁻¹. Ní raibh feidhm ag an Rialachán do ortafeinilféanól nó bútoicsaíd phipearóinile in 2009, mar nach raibh aon ULI socraithe do ceachtar den dá substaint sin.

Tábla 3: Sonraí na n-iarmhar lotnaidicídí arna mbrath samplaí torthaí agus glasraí

UA an tSampla	Tír Tionscnaimh	Lotnaidicídí Braite	Iarmhar (mg kg ⁻¹)	ULI (mg kg ⁻¹)
1 Fruit	1.1 Toradh Citris	1.1001 Seadóg		
72538	Iosrael	Iomasailil	2.41	5
		Tiaibeandasól	0.92	5
		2,4-D	0.04	1
72575	An Chipit	Ortho-Phenylphenol	0.09	Gan ULI
		Clóiripireafos	0.06	0.3
		Iomasailil	2.09	5
		Tiaibeandasól	0.78	5
72667	An Spáinn	Iomasailil	1.22	5
		Pyrimethanil	1.26	10
		Ortho-Phenylphenol	0.31	Gan ULI
72751	Iosrael	Ortho-Phenylphenol	0.11	Gan ULI
		Iomasailil	1.01	5
		Imíodaclóiprid	0.03	1
		Tiaibeandasól	0.48	5
72880	Afraic Theas	Iomasailil	0.18	5
		Imíodaclóiprid	0.01	1
		Tiaibeandasól	0.73	5
72913	Afraic Theas	Clóiripireafos	0.02	0.3
		Trifloxystrobin	0.03	0.3
		Iomasailil	0.60	5
		Pireaclóstróibin	0.01	1
72952	Afraic Theas	Iomasailil	0.58	5
		Pireaclóstróibin	0.07	1
		2,4-D	0.20	1
72955	An tSuasalainn	Iomasailil	0.94	5
		2,4-D	0.04	1
		Trifloxystrobin	0.03	0.3
73280	An Tuirc	Iomasailil	1.39	5
		Tiaibeandasól	0.04	5
		Clóiripireafos	0.03	0.3
73307*	Ní fios	Iomasailil	0.01	5
		1.1002 Oráiste		
72503	An Spáinn	Pyriproxyfen	0.02	0.6
		Prochloraz	0.33	10
		Clóiripireafos	0.16	0.3
		Fenthion	0.08	3

UA an tSampla	Tír Tionscnaimh	Lotnaidicíd Braite	Iarmhar (mg kg ⁻¹)	ULI (mg kg ⁻¹)
		Iomasailil	1.07	5
		Pyrimethanil	1.19	10
72531	An Spáinn	Clóiripireafos	0.03	0.3
		Iomasailil	1.12	5
72585*	Ní fios	Ortho-Phenylphenol	0.03	Gan ULI
		Iomasailil	0.06	5
		Tiaibeandasól	0.02	5
72596	An Éigipt	Iomasailil	3.43	5
		Tiaibeandasól	1.23	5
		2,4-D	0.05	1
72635	Maracó	Iomasailil	0.94	5
		Clóiripireafos	0.20	0.3
72663	An Éigipt	Iomasailil	1.25	5
		Tiaibeandasól	1.86	5
		Ortho-Phenylphenol	4.54	Gan ULI
		Pirimiphos-Methyl	0.04	1
72694	Maracó	Methidathion	0.44	5
		Iomasailil	1.35	5
72699	Iosrael	Malathion	0.05	7
		Ortho-Phenylphenol	1.00	Gan ULI
		Iomasailil	2.96	5
		Tiaibeandasól	2.39	5
		2,4-D	0.09	1
72721	Maracó	Clóiripireafos	0.13	0.3
		Iomasailil	1.69	5
72729	Maracó	Clóiripireafos	0.08	0.3
		Iomasailil	0.12	5
		Tiaibeandasól	1.91	5
72736	An Spáinn	Clóiripireafos	0.06	0.3
		Iomasailil	3.24	5
72831	Maracó	Iomasailil	1.59	5
72856	Maracó	Clóiripireafos	0.06	0.3
		Iomasailil	3.06	5
		Tiaibeandasól	0.04	5
72863	An Éigipt	Iomasailil	0.21	5
		Tiaibeandasól	0.26	5
		Ortho-Phenylphenol	1.71	Gan ULI
		Pirimiphos-Methyl	0.03	1
72907	Maracó	Clóiripireafos	0.16	0.3
		Iomasailil	3.57	5
		Tiaibeandasól	0.03	5
72911	Maracó	Clóiripireafos	0.09	0.3
		Iomasailil	1.50	5
72920	An Éigipt	Iomasailil	3.35	5
		Tiaibeandasól	1.11	5
72945	An Éigipt	Iomasailil	2.07	5
		Tiaibeandasól	1.15	5
		Malathion	0.04	7
72949	An Spáinn	Iomasailil	0.74	5

UA an tSampla	Tír Tionscnaimh	Lotnaidicídí Braite	Iarmhar (mg kg ⁻¹)	ULI (mg kg ⁻¹)
72950	An Éigipt	Clóiripireafos	0.03	0.3
		Iomasailil	0.15	5
		Tiaibeandasól	0.42	5
72951	Maracó	Ortho-Phenylphenol	1.04	Gan ULI
		Iomasailil	0.87	5
		Clóiripireafos	0.02	0.3
72954	An Éigipt	Iomasailil	1.49	5
		Tiaibeandasól	0.42	5
		Malathion	0.02	7
72957	An Bhrásail	Ortho-Phenylphenol	0.51	Gan ULI
		Carbendazim	0.05	0.5
		Iomasailil	1.93	5
72958	An Éigipt	Tiaibeandasól	0.11	5
		Iomasailil	0.19	5
		Tiaibeandasól	0.64	5
72987	Iosrael	Malathion	0.04	7
		Ortho-Phenylphenol	1.47	Gan ULI
		Ortho-Phenylphenol	1.25	Gan ULI
72989	An Éigipt	Iomasailil	0.12	5
		Tiaibeandasól	0.03	5
		Metalaxyl	0.07	0.5
72997	Afraic Theas	Malathion	0.13	7
		Lambda-Cyhalothrin	0.03	0.1
		Ortho-Phenylphenol	2.97	Gan ULI
		Iomasailil	0.69	5
		Tiaibeandasól	0.87	5
		Clóiripireafos	0.05	0.3
73000	An Spáinn	Iomasailil	2.04	5
		Imfodaclóiprid	0.05	1
		Tiaibeandasól	0.36	5
		2,4-D	0.10	1
		Ortho-Phenylphenol	0.04	Gan ULI
73023	An Airgintín	Iomasailil	3.67	5
		Ortho-Phenylphenol	0.12	Gan ULI
		Myclobutanyl	0.03	3
		Malathion	0.08	7
		Iomasailil	0.94	5
73074	Afraic Theas	Pyrimethanil	0.46	10
		Tiaibeandasól	0.46	5
		Trifloxystrobin	0.02	0.3
73112	Afraic Theas	Iomasailil	0.89	5
		Tiaibeandasól	3.88	5
		Iomasailil	1.70	5
		Imfodaclóiprid	0.01	1
		Pireaclóstróibin	0.01	1
		Cypermethrin	0.08	2
		2,4-D	0.18	1

UA an tSampla	Tír Tionscnaimh	Lotnaidicíd Braite	Iarmhar (mg kg ⁻¹)	ULI (mg kg ⁻¹)
73122	An Bhrasaíl	Démheatóáit	0.05	0.02
		Methidathion	0.17	5
		Propargite	0.33	3
		Carbendazim	0.02	0.5
		Iomasailil	0.78	5
		Tiaibeandasól	0.12	5
		Malathion	0.04	7
73151	Afraic Theas	Iomasailil	0.76	5
		Imíodaclóiprid	0.02	1
		Tiaibeandasól	2.66	5
73184*	Ní fios	Iomasailil	0.01	5
		Tiaibeandasól	0.01	5
73200	Afraic Theas	Iomasailil	1.61	5
73209	Afraic Theas	Malathion	0.03	7
		Iomasailil	0.46	5
		Pireaclóstróibin	0.02	1
		2,4-D	0.06	1
73274	Afraic Theas	Iomasailil	1.76	5
		Imíodaclóiprid	0.02	1
		Pireaclóstróibin	0.01	1
73288	An Spáinn	Iomasailil	0.89	5
		Myclobutanyl	0.53	3
		Clóiripireafos	0.02	0.3
73329*	Ní fios	Carbendazim	0.13	0.5
73334	An Spáinn	Clóiripireafos	0.02	0.3
		Lambda-Cyhalothrin	0.03	0.1
		Iomasailil	2.00	5
73380	An Spáinn	Iomasailil	0.98	5
		Clóiripireafos	0.09	0.3
73383	An Spáinn	Iomasailil	0.28	5
		Myclobutanyl	0.58	3
		Clóiripireafos	0.05	0.3
		1.1003 Líomóid		
72737	An Spáinn	Iomasailil	0.36	5
		Pyrimethanil	0.01	10
72897	An Spáinn	Clóiripireafos	0.02	0.2
		Pyriproxyfen	0.03	0.6
		Iomasailil	1.80	5
72953	An Spáinn	Iomasailil	0.75	5
		Pyriproxyfen	0.03	0.6
72991	An Airgintín	Iomasailil	1.16	5
		Tiaibeandasól	0.08	5
		2,4-D	0.02	1
73136	Uragua	Iomasailil	1.17	5
73185	An Airgintín	Clóiripireafos	0.03	0.2
		Iomasailil	1.39	5
		Pyrimethanil	0.58	10
		Ortho-Phenylphenol	0.81	Gan ULI

UA an tSampla	Tír Tionscnaimh	Lotnaidicíd Braite	Iarmhar (mg kg ⁻¹)	ULI (mg kg ⁻¹)
73201	An Tuirc	Prochloraz	0.67	10
		Clóiripireafos	0.03	0.2
		Ortho-Phenylphenol	0.05	Gan ULI
		Iomasailil	1.48	5
73246	An Tuirc	Tiaibeandasól	2.20	5
		Iomasailil	1.45	5
73310	An Spáinn	Clóiripireafos	0.07	0.2
		Dicofol	0.15	2
		Pyriproxyfen	0.04	0.6
		Prochloraz	0.37	10
73381	An Tuirc	Iomasailil	1.13	5
		Hexythiazox	0.01	1
		Iomasailil	0.30	5
		Bromopropylate	0.54	2
73382	An Spáinn	Pyriproxyfen	0.02	0.6
		Clóiripireafos	0.09	0.2
		Iomasailil	0.79	5
		Fenpyroximate	0.02	0.3
72501	An Bhrasaíl	Pyriproxyfen	0.02	0.6
		Clóiripireafos	0.09	0.2
		Iomasailil	0.79	5
		Fenpyroximate	0.02	0.3
73022	Meicsiceo	Pyriproxyfen	0.02	0.6
		Prochloraz	0.19	10
		Clóiripireafos	0.03	0.2
		Propargite	0.36	3
1.1004 Líoma				
72501	An Bhrasaíl	Prochloraz	0.51	10
		Iomasailil	0.02	5
		2,4-D	0.07	1
73022	Meicsiceo	Ortho-Phenylphenol	0.03	Gan ULI
		Iomasailil	0.63	5
		Tiaibeandasól	0.44	5
72620	An Bhrasaíl	Prochloraz	0.98	10
		Methidathion	0.07	5
72797	An Bhrasaíl	2,4-D	0.16	1
72956	An Bhrasaíl	2,4-D	0.09	1
		Prochloraz	0.28	10
1.1005 Mandairín				
72511	Maracó	Clóiripireafos	0.32	2
		Iomasailil	1.35	5
72520	Maracó	Clóiripireafos	0.03	2
		Tiaibeandasól	0.01	5
		Iomasailil	0.81	5
72537	An Spáinn	Clóiripireafos	0.08	2
		Hexythiazox	0.01	1
4.3 Monatóireacht ar thorthaí do bhia de bhunús ainmhíoch

Rinneadh anailís ar shail ainmhithe le haghaidh 56 lotnaidicídí agus meitibilít, agus 7 rianaire chomhaicmeacha PCB ag baint úsáide as an modh GC le brath gabhadh leictreoin. Is éillitheoirí dianseasmhacha comhshaoil iad PCBanna agus roimhe seo scaoileadh iad isteach sa chomhshaoil ó fhoinsí tionsclaíocha, ach cuireadh deireadh leis sin roinnt mhaith blianta ó shin. Tá siad san áireamh sa chlár monatóireacht mar shubstaintí rianaithe toisc go bhfuil cúiseanna inné bainteach lena láithreach i mbia agus leis an gcaol atá eatarthu agus dé-ocsainí agus fúráin.

Méadaíodh an scóp anailíseach do shamplaí bainne agus uibheacha ó 56 agus na 7 comhaicmeach PCB do 193 lotnaidicíd agus meitibilít, trí lotnaidicídí a chur isteach atá inbhraite ag baint úsáide as an modh iliarthair ag úsáid crómatagrafaíocht leacha agus brath maise trí-cheathairpholach.

Rinneadh anailís ar na samplaí meala le haghaidh 331 lotnaidicíd agus meitibilít ag úsáid crómatagrafaíocht gáis agus modhanna iliarthair crómatagrafaíocht leachta. Níor baineadh úsáid as aon mhodh iliarthair aonair le haghaidh na samplaí meala do déthiacarbamáití, chlormequat agus mepiquat.

Rinneadh tástáil ar 462 sampla bia de bhunús ainmhíoch, a chuimsigh 333 sampla de shail ainmhí, 86 sampla bainne, 15 sampla ime, 16 sampla uibheacha agus 12 sampla meala le haghaidh láithreach iliarthair lotnaidicídí. Tá líon na samplaí de na tráchtearraí éagsúla de bhunús ainmhíoch a bhí beartaithe agus a tógadh, le fáil i dTábla 9. Cé go bhfuil an clár monatóireacht ceaptha sa tslí is go ndéanfaí anailís ar shamplaí do lotnaidicídí orgánaclóirín nó orgánafostar de réir Threoir 96/23/CE, rinneadh gnáth-anailísí ar gach ceann de an 462 sampla de bhunús ainmhíoch le haghaidh lotnaidicídí orgánaclóirín agus orgánafostar.

Tábla 9: Líon na samplaí beartaithe agus bainte amach sa Phlean Náisiúnta Iarmhair

Tráchtearra	Líon beartaithe do chomhdhúile orgánaclóirín	Líon beartaithe do chomhdhúile orgánafosfar	Líon bainte amach do chomhdhúile orgánaclóirín agus orgánafosfar
Saill	60	60	
bhuuibheach			130
Saill eachaí	4	4	6
Saill uibhe	40	40	89
Saill muiceoil	30	30	71
Saill caorach	25	0	26
Fiafheoil	12	0	11
Im	0	0	15
Uibheacha	10	0	16
Bainne	53	53	86
Mil	9	0	12
Iomlán	243	187	462

Ach amháin sampla amháin meala, a ndearnadh sampláil air ag an Ionad Cigireachta Teorann ag Calafort Baile Átha Cliath, bhí gach sampla de bhia de bhunús ainmhíoch, a ndearnadh anailís orthu in 2009, ina samplaí de bhunús intíre.

Tríd is tríd, ní raibh ach iliarthair inbhraite lotnaidicídí i 12 shampla (2.6%), agus bhí ceann de na samplaí sin a sháraigh ULI arna socrú i Rialachán (CE) Uimh.396/2005, (Tábla 10).

Tábla 10: Achoimre ar na samplaí de bhunús ainmhíoch i gclár monatóireachta 2009

Tráchtearra	Líon Samplaí			Iarmhair		
	Iomlán	Intíre	Iompórtáil	<LCa	<ULI	>ULI
Saill bhuaibheach	130	130	0	127	3	0
Saill eachaí	6	6	0	4	2	0
Saill uibhe	89	89	0	82	6	1
Saill muiceoil	71	71	0	71	0	0
Saill éanlaithe	26	26	0	26	0	0
Saill fiafheola	11	11	0	11	0	0
Bainne buaibheach	79	79	0	79	0	0
Bainne gabhar	5	5	0	5	0	0
Bainne caorach	2	2	0	2	0	0
Im	15	15	0	15	0	0
Uibheacha	16	16	0	16	0	0
Mil	12	11	1	12	0	0
Iomlán	462	461	1	450	11	1

I gcás trí cinn (2.3%) de na 130 sampla buaibheach a ndearnadh tástáil orthu bhí iarmhair de lotnaidicídí orgánaclóirín, díldrín nó líondán, le leibhéal sa raon ó 0.007 go 0.013 mg kg⁻¹.

In dhá shampla as na 6 shampla eachaí bhí iarmhair bheaga de heicseaclórabéinséin agus pp'-dde, atá ina mheitibilít DDT.

I seacht gcinn de na 89 sampla caorach bhí iarmhair inbhraite de pp'-dde, líondán nó dé-aisión. I gcás sampla amháin de shaill caorach, cé go raibh sé ag comhlíonadh an ULI de 0.7 mg kg⁻¹, arna shocrú do dhé-aisión i Rialachán (CEE) Uimh.2377/1990 ón gComhairle, nuair a úsáidtear é mar tháirge tréidliachta, ní raibh sé ag comhlíonadh an ULI de 0.05 mg kg⁻¹ arna shocrú do dhé-aisión i Rialachán (CE) Uimh.396/2005. Sa mhéid go bhfuil táirgí dé-aisiónín údairithe d'úsáid in Éirinn mar tháirgí tréidliachta do thumadh caorach, tá an ULI de 0.7 mg kg⁻¹ iomchuí. Mar sin, bheadh sé inmhianaithe don Choimisiún Eorpach an ULI a shoiléiriú, trí an ULI a leasú i Rialachán (CE) Uimh.396/2005 chun an reachtaíocht tréidliachta a chur san áireamh.

Níor braithheadh aon iarmhar lotnaidicídí thar theorainn chainníochta (TCa) in aon cheann de na samplaí muiceola, éanlaithe, uibhe, bainne nó meala sa bhliain 2009.

Cuireann Tábla 11 sonraí ar fáil faoi shamplaí ina bhfuarthas iarmhair lotnaidicídí, maille lena mbunús, leibhéal an iarmhair a braithheadh agus an ULI ábhartha.

Tábla 11: Iarmhair braite i samplaí de bhia de bhunús ainmhíoch in 2009

UA an tSampla	Tír Tionscnaimh	Lotnaidicídí Braite	Iarmhar (mg kg ⁻¹)	ULI (mg kg ⁻¹)
10. De bhunús ainmhíoch				
		10.12 Buaibheach	10.1202 Saill	
78451	Éire	Díldrin	0.007	0.2
78494	Éire	Liondán	0.006	0.02
78551	Éire	Díldrin	0.013	0.2
		10.13 Caorach	10.1302 Saill	
78357	Éire	Liondán	0.006	0.02
78368	Éire	op'-dde	0.008	1
78388	Éire	op'-dde	0.005	1
78440	Éire	Liondán	0.006	0.02
78486	Éire	op'-dde	0.008	1
78577	Éire	Dé-aisión	0.2	0.05 *
78760	Éire	Dé-aisión	0.03	0.05*
		10.15 Eachaí	10.1502 Saill	
78435	Éire	Heicseaclórabéinsín	0.005	0.2
78436	Éire	op'-dde	0.006	1

* 0.05 mg kg⁻¹ in Regulation (EC) No 396/2005 and 0.7 mg kg⁻¹ in Council Regulation (EEC) No 2377/1990

4.4 Torthaí do shamplaí ilchineálacha

Níor chuir tomhaltóirí ná an RTIB, aon Seirbhís Stáit, aon Údarás Áitiúil ná aon pháirtí leasmhar eile isteach aon sampla in 2009 le go ndéanfaí anailís air, bunaithe ar go raibh cúiseanna inné acu go raibh leibhéil neamh-inghlactha de lotnaidicídí iontu.

4.5 Torthaí do tháirgí orgánacha

In 2009, rinneadh sampláil le haghaidh lotnaidicídí ar 40 sampla de thorthaí, glasraí agus gránaigh, a bhí lipéadaithe mar orgánach. Tógadh gach sampla ó tháirgí iompórtáilte. In dhá cheann de na samplaí (5%) bhí méideanna beaga d'iarmhair lotnaidicídí (Tábla 12). Seo comparáid fhabhrach leis an gcéatadán de shamplaí atá lipéadaithe orgánach ina raibh lotnaidicídí sna blianta 2006 (16%), 2007 (9%) agus 2008 (9%). Cuireadh na torthaí seo ar fáil don aonad sa RTIB a dhéanann rialú ar tháirgí agus léirigh pictiúr níos fabhraí ná mar a bhí ann i mblianta roimhe seo.

Tábla 12: Achoimre de shamplaí orgánacha arna analísiú sa bhliain (tógtha as Tábla 3)

Tráchtearra	Líon na Samplaí			Iarmhair		
	Iomlán	Intíre	Iompórtáil te	<LCa	<ULI	>ULI
Úll	2	0	2	2	0	0
Sú Úll	1	0	1	1	0	0
Abhacád	2	0	2	2	0	0
Banana	3	0	3	3	0	0
Fraochán Gorm	1	0	1	1	0	0
Cairéad	2	0	2	2	0	0
Sú Cairéid	1	0	1	1	0	0
Soilire	2	0	2	2	0	0
Cleimintín	1	0	1	1	0	0
Cúirséad	1	0	1	0	1	0
Cíobhaí	1	0	1	1	0	0
Líomóid	1	0	1	1	0	0
Oráiste	4	0	4	4	0	0
Sú Oráiste	2	0	2	2	0	0
Piorra	8	0	8	8	0	0
Piobar	1	0	1	1	0	0
Práta	1	0	1	1	0	0
Ruachán	1	0	1	1	0	0
Spionnáiste	3	0	3	2	1	0
Tráta	2	0	2	2	0	0
Iomlán	40	0	40	38	2	0

Tá sonraí i dTábla 13 de shamplaí atá lipéadaithe orgánach agus ina bhfuarthas iarmhair.

Tábla 13: Sonraí na dtáirgí orgánacha le hiarmhair lotnaidicídí braite iontu in 2009

UA an tSampla	Tír Tionscnaimh	Lotnaidicíd Braite	Iarmhar (mg kg ⁻¹)	ULI (mg kg ⁻¹)
2 Glasáí	2.32 Cucurbits – craiceann so-ote	2.3203 Cúirséad		
72885	An Fhrainc	Díldrín	0.02	0.05
	2.52 Spinach and similar	2.5201 Spinach		
72746	An Spáinn	Bútocaíd phearnóinile	0.02	Gan ULI

Cuireadh cosc ar úsáid díldrín le blianta fada anuas. Is dócha gur tharla díldrín a bheith i sampla cúirséid mar thoradh ar iarmhair a bheith fós san ithir tar éis a úsáide, nó úsáid aildrín, sna am atá thart. Baintear úsáid as bútocaíd phearnóinile mar shineirge i dtáirgí cosanta plandaí ina bhfuil píreatrins agus píreatráidí, agus tugann a bhrath le fios go bhfuil a leitheidí de tháirgí in úsaid. Tá cead úsáid a bhaint as píreatrín san fheirmeoireacht.

4.6 Torthaí do tháirgí próiseáilte (torthaí, glasraí agus gránaigh)

Sa bhliain 2009, rinneadh anailís ar 111 sampla de thorthaí agus de ghlasraí próiseáilte mar chuid den chlár monatóireachta. I gcás caoga cúig de na samplaí bhí súnna torthaí nó glasraí, agus sa chuid eile ba thorthaí nó glasraí i gcannaí nó gan chraiceann a bhí i gceist. Léiríonn torthaí anailíseacha i gcás fhorfhór na samplaí (81.1%), nach raibh aon iarmhair inbhraite lotnaidicídí iontu, agus i gcás 18.9% de na samplaí bhí iarmhair inbhraite ó 15 lotnaidicíd éagsúla iontu, sa raon ó 0.01 go 0.3 mg kg⁻¹. Cuirtear i bhfeidhm na ULanna do thráchtearraí amha do thráchtearraí próiseáilte, ag cur san áireamh an caolú nó tíúchan a d'eascródh as próiseáil. Ní raibh aon ULI a sháraigh an leibhéal cuí sna tráchtearraí próiseáilte.

Tá achoimre de shonraí na samplaí de thorthaí agus de ghlasraí próiseáilte leis na hiarmhair a braitheadh le fáil i dTábla 3 agus tá siad curtha i láthair i dTáblaí 14 agus 15 faoi seach.

Tábla 14: Achoimre de na samplaí torthaí agus glasraí a ndearnadh anailís orthu

Próiseas	Tráchtearra	Líon Samplaí			Iarmhair		
		Iomlán	Intíre	Iompórtáilte	LCa	<ULI	>ULI
Sú	Úll (1*)	11	1	10	11	0	0
	Cairéad*	1	0	1	1	0	0
	Mónóg	2	0	2	2	0	0
	Seadóg	2	0	2	1	1	0
	Guábha	1	0	1	1	0	0
	Mangó	1	0	1	1	0	0
	Oráiste (2*)	18	0	18	15	3	0
	Ananas	3	0	3	3	0	0
	Fíonchaor	4	0	4	4	0	0
	Tráta	2	0	2	2	0	0
	Fíon	Fíon	10	0	10	5	5
Próisis eile i gcannaí/an craiceann bainte	Úll	2	0	2	1	1	0
	Lus Súch	2	0	2	1	1	0
	Brocaílí	1	0	1	1	0	0
	Cairéad	3	0	3	3	0	0
	Soilire	1	0	1	1	0	0
	Sílín	2	0	2	2	0	0
	Geircín	1	0	1	1	0	0
	Seadóg	3	0	3	3	0	0
	Cainneann	1	0	1	1	0	0
	Lintile (triomaithe)	1	0	1	1	0	0
	Lítsí	1	0	1	0	1	0
	Mandairín	1	0	1	1	0	0
	Mangó	1	0	1	1	0	0
	Miosrún	4	0	4	3	1	0
	Oinniún	1	0	1	1	0	0

Próiseas	Tráchtearra	Líon Samplaí			Iarmhair		
		Iomlán	Intíre	Iompórtáilte	LCa	<ULI	>ULI
	Péitseog	3	0	3	2	1	0
	Piorra	3	0	3	2	1	0
	Pis gan chochaill	15	0	15	11	4	0
	Annanas	5	0	5	4	1	0
	Pluma	1	0	1	1	0	0
	Práta	2	0	2	0	2	0
	Rísín	1	0	1	1	0	0
	Sú Craobh	1	0	1	0	1	0
	Spionnáiste	2	0	2	1	1	0
	Sú Talún	1	0	1	1	0	0
	Arbhar Milis	6	0	6	5	1	0
	Ológ	1	0	1	1	0	0
	Tráta	3	0	3	3	0	0
	Iomlán	124	1	123	90	25	0

* Lipéadaithe mar orgánach freisin

Tábla 15: Sonraí na samplaí próiseáilte le hiarmhair lotnaidicídí braite iontu

Próiseas	UA an tSampla	Tír Tionscnaimh	Iarmhar Braite	Iarmhar (mg kg ⁻¹)	ULI (mg kg ⁻¹)
Sú	73307	Ní fios	1.1001 Seadóg Iomasailil	0.01	5
Sú	72585	Ní fios	1.1002 Oráiste Ortho-Phenylphenol Iomasailil Tiaibeandasól	0.03 0.06 0.02	Gan ULI 5 5
Sú	73184	Ní fios	Iomasailil Tiaibeandasól	0.01 0.01	5 5
Sú	73329	Ní fios	Carbendazim	0.13	0.5
I gcanna	72679	Ní fios	1.3001 Úll Clóiripireafos	0.03	0.5
I gcanna	72678	An Spáinn	1.3002 Piorra Iomasailil Défheiniolaimín	0.01 0.18	2 10
I gcanna	73032	An Ghréig	1.4003 Páitseog Captan	0.02	0.02
Fíon			1.5102 Fíon		
Fíon	73367	An tSile	Boscailid Feinheacsaimid Pyrimethanil	0.01 0.05 0.02	5 5 5
Fíon	73369	An tSile	Iopróidh-ón	0.02	10

Próiseas	UA an tSampla	Tír Tionscnaimh	Iarmhar Braithe	Iarmhar (mg kg ⁻¹)	ULI (mg kg ⁻¹)
Fíon	73370	An Iodáil	Carbendazim	0.03	0.5
			Thiophanate-Methyl	0.02	3
Fíon	73371	An tSile	Iopróidhéh-ón	0.08	10
Fíon	73372	An Nua-Shéalainn	Pyrimethanil	0.01	5
			Iopróidhéh-ón	0.30	10
			1.5303 Sú Craobh		
I gcanna	73034	An Ghréig	Pyrimethanil	0.01	10
			1.6202 Lítsí		
I gcanna	72680	An Téalainn	Ortho-Phenylphenol	0.03	Gan ULI
			1.6308 Ananas		
I gcanna	73030	An Téalainn	Ortho-Phenylphenol	0.04	Gan ULI
			2.1100 Práta		
Craiceann bainte/reoite	72792	An Afraic Theas	Chlorpropham	0.02	10
I gcanna	73053	Ní fios	Chlorpropham	0.20	10
			2.3000 Arbhar Milis		
I gcanna	73055	Ní fios	Ortho-Phenylphenol	0.03	Gan ULI
			2.5201 Spionnáiste		
I gcanna	73178	An Fhrainc	Déiheiniolaimín	0.02	0.05
			Fluazifop	0.18	1
			2.6004 Pis le Cochail		
Próiseáilte	73343	Ní fios	Carbendazim	0.04	0.1
			Pyrimethanil	0.02	0.2
			Thiophanate-Methyl	0.04	0.1
	73377	Ní fios	Pyrimethanil	0.04	0.2
	73378	Ní fios	Pyrimethanil	0.02	0.2
	73384	Ní fios	Carbendazim	0.01	0.1
			Pyrimethanil	0.01	0.2
			Thiophanate-Methyl	0.01	0.1
			2.7001 Lus Súch		
Craiceann bainte/reoite	72791	Peiriú	Clóiripireafos	0.04	0.05
			2.8001 Miosrún Saothraithe		
I gcanna	73174	Ní fios	Diflubenzuron	0.02	2

5 FORDHEIDHMIÚ AGUS CÚRAM LEANTACH

5.1 Sampláil spriocdhírthe agus reachtúil ar thorthaí agus ar ghlasraí

5.1.1 Sáruithe ULI in 2008

Mar chúram leantach ar na sáruithe ULI a tharla sa bhliain 2008, tógadh 5 cinn de shamplaí spriocdhírthe torthaí agus glasraí le hanailís a dhéanamh orthu le linn 2009. Níor tógadh na 10 sampla a bhí fanta, a bhí beartaithe ar bhunús na dtorthaí le haghaidh 2008, mar nach raibh táirgí ón mbunús sonrath lonnaithe I margadh na hÉireann in 2009. Tógadh samplaí spriocdhírthe ó gach fásóir Éireannach. Liostáiltear i dTábla 16 na cúiseanna don tsampláil spriocdhírthe.

I gcás 5 cinn de na samplaí spriocdhírthe fuarthas nach raibh aon iarmhair inbhraite iontu agus i 3 shampla fuarthas go raibh iarmhair lotnaidicídí iontu os cionn an leibhéil chalabraithe is ísle (LCL). Ní raibh aon sampla ann a sháraigh an ULI agus ní raibh gá le haon bheart leantach dá bharr.

Tábla 16: Sonraí na samplaí spriocdhírthe agus reachtúla a tógadh in 2009

Tráchtearra	UA an tSampla	Tír Tionscnaimh	Lotnaidicíd Braite	Iarmharm g kg ⁻¹	ULI mg kg ⁻¹	Cúiseanna
Fíonchaor	73336	Stáit Aontaithe	Pireaclóstróibin Boscailid	0.07 0.28	1 5	UA Sampla 71965 – Sáru ULI in 2008 - methomyl at 0.08 mg kg ⁻¹
Cabáiste	73072	Éire	Omethoate Cypermethrin	0.03 0.06	1 0.5	UA Sampla 71710 – Sáru ULI in 2008 - deiltemheitrin at 0.12 mg kg ⁻¹ due to incorrect GAP.
Cabáiste Síneach	72519	Éire	Pirimicarb	0.03	2	US Sampla 71083 – Sáru ULI - chlorthalonil at 1.24 mg kg ⁻¹ , non-registered use
Tornapa	72893	Éire	Níor Braitheadh aon cheann			UA Sampla 71605 Sáru ULI - clóiripireafos at 0.06 mg kg ⁻¹ , non-registered use
Piorra	73222	An Phortaingéil	Níor Braitheadh aon cheann			UA Sampla 71963 Sáru ULI - Démheatóáit at 0.02 mg kg ⁻¹

Tar éis tuarascálacha ón nGearmáin faoi leibhéil neamh-inghlactha a bheith braite d'amíotras i gcoinsíneachtaí ón Tuirc, d'éiligh Treoir 2009/835/CE ón gCoimisiún ar bhallstáit an AE spriocdhíríú ar choinsíneachtaí de phiorraí ag teacht ón Tuirc agus iad a sheiceáil le haghaidh amíotras. Ní raibh aon choinsíneachtaí de phiorraí ón Tuirc ar an margadh Éireannach.

5.1.2 Úsáidí neamhchláraithe

Spriocdhíríodh ar tháirgí ó 2 fhásóir Éireannach le haghaidh samplála tar éis gur braitheadh úsáidí neamhchláraithe sa bhliain 2008. Bhí na samplaí géilliúil agus níor léirigh siad aon rian d'úsáid neamhchláraithe lotnaidicídí. Ní raibh gá aon chúram leantach a dhéanamh.

5.2 Sampláil spriocdhírthe agus reachtúil gránaigh

Ní raibh aon tsampláil spriocdhírthe de ghránaigh le haghaidh lotnaidicídí in 209, mar nár tharla aon sárú ULI do shamplaí gránaigh in 2008.

Cibé scéal é, tar éis tarlú PCB/dé-ocsaine i mbia go déanach sa bhliain 2008, fuarthas sampla muiceola le leibhéil arda de chomhaicmigh PCB agus ina dhiaidh sin fuarthas leibhéil neamh-inghlactha de dé-ocsáiní polaclóirínithe agus de dibenzofurans, rinneadh cúram leantach den scéal chun monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil PCB i gcothaithigh d'ainmhithe. Thóg an Rannóg Beathathaigh Ainmhithe de chuid na RTIB samplaí de chothú agus de ghránach (213) le go ndéanfaí anailís PCB orthu. Ní raibh aon leibhéal inbhraite PCB sna samplaí a ndearnadh anailís orthu.

5.3 Sampláil spriocdhírthe agus reachtúil ar bhia de bhunús ainmhíoch

Ní raibh aon samplaí spriocdhírthe de bhia de bhunús ainmhíoch le haghaidh iarmhair lotnaidicídí sa bhliain 2009, mar nár braithheadh aon sárú ULI sna samplaí sa bhliain 2008.

Cibé scéal é, fuarthas sampla caorach amháin, le leibhéil dé-aisiónón de 0.2 mg kg^{-1} , gan a bheith ag comhlíonadh Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, ach a bhí ag comhlíonadh Rialachán (CEE) Uimh. 2377/1990 ón gComhairle, a shocraigh ULIanna d'úsáidí údaraithe i dtáirgí tréidliachta, lena n-áirítear úsáid dé-aisiónón do thumadh caorach.

5.4 Sárúithe ULI

In 2009, fuarthas isteach is amach le 10 sampla de thorthaí agus de ghlasraí le hiarmhair lotnaidicídí ag sárú an ULI. Ba de bhunús Éireannach sampla amháin, tháinig 4 cinn ó thíortha eile san AE, agus tháinig na 5 shampla eile ó thíortha lasmuigh den AE. As na 10 sárú a braithheadh, bhain 8 gcinn le sárúithe ULI atá socraithe ag an Teorainn Chinntitheach (TC). Tá achoimre de na torthaí leagtha amach i dTábla 17.

Tábla 17 Achoimre ar shamplaí le sárúithe ULI in 2009

Tráchtearra	UA an tSampla	Tír Tionscnaimh	Lotnaidicíd	Iarmhar > ULI (mg kg ⁻¹)	ULI (mg kg ⁻¹)
Úll	72742	Stáit Aontaithe	Féanprópáitín	0.03	0.01*
Úll	72908	An Bhrasáil I	Démheatóáit	0.05	0.02*
Aibreog	72993	An Fhrainc	Clóiripireafos	0.10	0.05*
Silín	73079	USA	Carbairil	0.07	0.05*
Mandairín	72703	An Spáinn	Captan	0.06	0.02*
Mandairín	72735	An Chipir	Tiaibeandasól	5.47	5
Oráiste	73122	An Bhrasáil I	Démheatóáit	0.05	0.02*
Práta	73011	An Spáinn	Pencyuron	0.17	0.1
Ionam	72811	Stáit Aontaithe	Fludioxonil	0.07	0.05*
Tornapa	73018	Éire	Clóiripireafos	0.13	0.05*

* ULI ag teorainn chinntitheach

I gcás an tsampla de bhunús Éireannach, rinne cigire ón RCRL imscrúduithe leantacha, agus chinntigh an cigire sin go raibh táirge neamhchláraithe ina raibh carbafúrán agus úsáid neamhchláraithe de tháirge ina raibh clóiripireafos ar thornpaí. Cé nach raibh na leibhéil a fuarthas ina mbaol do thomhaltóirí, moladh go ndéanfaí sampláil spriocdhírthe le linn an chéad séasúir fáis eile.

Maidir le samplaí iompórtáilte le sárúithe ULI, ní fhéadfaí na cúiseanna a chinntiú leis na sárúithe gan sonraí a bheith ar fáil maidir leis na húsáidí údaraithe lotnaidicídí sna tíortha tionscnaimh. I gcás go raibh iarmhar i dtáirge iompórtáilte a sháraigh ULI, cuireadh in iúl d'údaráis na tíre tionscnaimh, maille leis na iompórtálaí Éireannach, faoin sárú ULI. Cuireadh in iúl dóibh freisin go ndéanfaí spriocdhírítú ar tháirgí eile ón bhfoinse chéanna a thiocthadh isteach ar mhagadh na hÉireann, le haghaidh anailís speisialta, agus má gá, bearta reachtúla a chur i bhfeidhm ina leith..


Tá ULIanna, uaireanta níos airde ná na ULIanna don AE, i roinnt de na lotnaidicídí seo i gCoimisiún CODEX Alimentarius. Bhí roinnt de na samplaí le sárúithe ar ULIanna an AE géilliúil do theorainneacha CODEX - Féanprópáitirín i dtorthaí póma ag 5 mg kg^{-1} ; carbairil i silíní ag 10 mg kg^{-1} agus Démheatóáit i citreas ag 5 mg kg^{-1} . Tharla na míréireachtaí seo toisc difríochtaí a bheith ann idir léirmhíniú an AE agus CODEX ar shonraí toscaineolaíocah, meitibleachta agus iarmhair agus measúnuithe riosca. Ba chóir don Eagraíocht Dhomhanda Trádála na míréireachtaí seo a réiteach in am trátha trí leanúint ag obair i gcomhar leis an AE agus le grúpaí de tháirgeoirí i dtíortha Tríú Domhan ag cruinnithe iomlánacha Choiste CODEX maidir le hIarmhair Lotnaidicídí. Níor socraíodh aon CODEX ULI do dhémheatóáit in úlla ná fludioxonil in ionam.

5.5 Úsáidí neamhchláraithe

I 5 shampla bhí iarmhair a bhí ag comhlíonadh na reachtaíochta maidir le ULI, ach ar tugadh le tuiscint nach raibh a n-úsáidí cláraithe. Tharla iniúchtaí leantacha agus eisíodh litreacha rabhaidh chuig na fásóirí i gceist. Cé nach raibh baol neamh-inghlactha i gceist do thomhaltóirí leis na leibhéil a fuarthas, moladh go ndéanfaí sampláil spriocdhírthe i measc na bhfásóirí seo sa chéad séasúir fáis eile.

6 PLÉ


Sa mheastóireacht ar shonraí monatóireachta le haghaidh 2009, léirítear i gcás 819 (61.8%) de gach 1324 sampla monatóireachta ní raibh aon lotnaidicíd inbhraite agus i gcás na 505 sampla (38.2%) eile fuarthas iarmhair de lotnaidicíd amháin nó níos mó. Braitheadh formhór na n-iarmhair i dtorthaí agus i nglasraí, i gcomparáid le gránaigh do bhia de bhunús ainmhíoch. D'ardaigh an líon lotnaidicíd a cuireadh san áireamh sa raon anailíseach le haghaidh torthaí, glasraí, gránaigh, bainne, uibheacha agus mil ó 134 lotnaidicíd sa bhliain 2005 go 334 lotnaidicíd sa bhliain 2009. Le linn na tréimhse chéanna, mhéadaigh an líon lotnaidicíd sa raon anailíseach le haghaidh bia eile de bhunús ainmhíoch ó 58 lotnaidicíd go 63 lotnaidicíd (Fíor 1). Mar thoradh ar an méadú suntasach ar líon na lotnaidicíd sa raon anailíseach níl ach méadú measartha ar an ráta foriomlán d'iarmhair lotnaidicíd.



Fíor 1: Líon na lotnaidicíd sa raon anailíseach le haghaidh samplaí torthaí agus glasraí (TG), gránach agus bia de bhunús ainmhíoch (BBA) ó 2005 go 2009.

6.1 Torthaí agus Glasraí

As na 787 sampla torthaí agus glasraí a ndearnadh anailís orthu, i 323 (41%) díobh ní raibh aon iarmhair inbhraite lotnaidicíd, i 464 (59%) bhí lotnaidicíd amháin nó níos mó a bhí inbhraite agus i 10 sampla (1.3%) bhí iarmhair iontu a sháraigh an ULI AE. I gcás beagnach 50% de na hiarmhair a braitheadh i dtorthaí agus i nglasraí bhí siad ag leibhéil arb ionann iad, nó a bhí níos ísle ná 0.05 mg kg^{-1} . I 35% de na samplaí citris bhí leibhéil inbhraite d'iarmhair lotnaidicíd. Tugtar le fios ó Fhíor 2 go raibh treocht anuas ann i líon na sáruihte ULI, idir 2005 agus 2009. D'ainneoin an mhéadaithe ar líon na lotnaidicíd a lorgaíodh sa raon anailíseach (Fíor 1) agus tar éis laghdú beag ar líon foriomlán na samplaí a ndearnadh anailís orthu, laghdaigh líon na ULIanna ó 29 sárú sa bhliain 2005 go 10 sárú sa bhliain 2009.



Fíor 2: Líon na samplaí torthaí agus glasraí arna n-anailísiú (2005 go 2009), líon gan aon iarmhar braite (níos lú ná an LCa), faoi bhun ULI (<ULI), os cionn ULI (>ULI).

Ó tugadh isteach é sa raon anailíseach i lár 2006, tháinig iomasailil i gcomharba ar tiaibeandasól ar an lotnaidicíd is minice a bhraitear i dtorthaí agus i nglasraí. Fuarthas Iopróidh-ón, clóiripireafos agus carbendazim go leanúnach freisin le 4 bliana anuas. Úsáidtear iomasailil agus tiaibeandasól go príomha mar fhungaicídí iar-fhómhair agus fuarthas 95% dá n-iarmhair ar thorthaí póma agus ar bhanana. Fuarthas clóiripireafos go minic ar thorthaí citris agus póma, fad is a fuarthas iopróidh-ón ar roinnt tráchtearraí cosúil le sú talún agus caora eile, fionchara, píorraí agus neachtairín. Cuireadh boscailid san áireamh sa raon anailíseach sa bhliain 2007, agus bhí sé ar an gceathrú lotnaidicíd is mó úsáid sa bhliain 2009 agus braitheadh é go príomha ar thorthaí póma, ar leitís, ar shú talún agus ar fhíonchaora.

Tábla 18: Na deich lotnaidicíd is minice a braitheadh ar thorthaí agus ar ghlásraí (2007-2009)

2007	%	2008	%	2009	%
Iomasailil	16.2	Iomasailil	16.2	Iomasailil	17.9
Tiaibeandasól	14.6	Tiaibeandasól	12.5	Tiaibeandasól	12.5
Iopróidh-ón	9.1	Clóiripireafos	9.1	Clóiripireafos	8.8
Clóiripireafos	8.5	Iopróidh-ón	6.5	Boscailid	7.2
Carbendazim	7.0	Carbendazim	6.0	Iopróidh-ón	6.4
Défhéiniolaimín	6.5	Défhéiniolaimín	6.0	O Phenylphenol	6.1
Captan	5.7	Imíodaclóiprid	4.6	Imíodaclóiprid	4.8
Feinheacsaimid	5.0	Feinheacsaimid	4.2	Feinheacsaimid	4.6
Malathion	4.2	2,4 D	4.1	Tiaclóiprid	4.3
Prochloraz	4.0	Captan	3.9	Défhéiniolaimín	4.2

Bhí 93 lotnaidicíd éagsúil braite ar shamplaí torthaí agus glasraí le linn 2009. Léirigh seo 30.7% de líon na lotnaidicíd a cuardaíodh. In 2008, braitheadh 102 lotnaidicíd éagsúil, ag léiriú 35% de na lotnaidicídí a lorgaíodh.

6.2 Gránaigh


Baineadh úsáid as an raon anailíseach céanna de 334 lotnaidicíd le haghaidh samplaí gránaigh agus a úsáideadh do shamplaí torthaí agus glasraí. Mar a tharla sna 3 bliana atá imithe tharainn, ba é pirimeafos-meitil an lotnaidicíd is minice a fuarthas ar shamplaí gránaigh, (Tábla 19), cé gurb é mepiquat a braitheadh sa sciar is mó de shamplaí, in 8 sampla as 11 a ndearnadh anailís orthu (72.7%). Níor braitheadh aon sárú ULI in 2009.

Tábla 19: Na lotnaidicídí is minice a braitheadh i samplaí gránaigh (2007 – 2009)

2007	%	2008	%	2009	%
Pirimiphos Methyl	14.0	Pirimeafos Meitil	16.5	Pirimeafos Meitil	12.0
Malathion	7.0	Bútocsaíd phipearnóinile	2.1	Bútocsaíd phipearnóinile	10.7
Clóiripireafos	2.0	Bendiocarb	1.0	Deiltemheitrin	10.7
Deiltemheitrin	1.0	Metribuzin	1.0	Mepiquat*	10.7

* Ní lorgaítear seo i ngach sampla

B'ionann an céatadán de shamplaí gránaigh ina raibh iarmhair in 2009 agus 38.6%, seo minicíocht níos airde ná mar a bhí ann sa dá bhliain roimhe (29% in 2007 agus 22.7% in 2008), (Fíor 2). Ar chúis amháin a d'fhéadfadh bheith leis seo, cuireadh mepiquat leis an liosta anailíseach sa bhliain 2009 (braite i 10.7% de gach sampla gránaigh).




Fíor 3: Líon na samplaí gránaigh arna n-anailísiú (2005 go 2009), líon gan aon iarmhar braite iontu (níos lú ná LCa), faoi bhun ULI (<ULI), os cionn ULI (>ULI).

6.3 Bia de bhunús ainmhíoch

Sa tréimhse ó 2005 go 2009, b'ionann an céatadán de shamplaí saille duáin ainmhithe ina raibh iarmhair agus 6.5, 5.9, 9.0, 7.9 agus 3.6% in 2005, 2006, 2007, 2008 agus 2009 faoi seach. Bhí an raon anailíseach mar an gcéanna ó 2006 go 2009 do shamplaí saille ainmhithe.

I gcás bia eile de bhunús ainmhíoch, bhí méadú suntasach ar an raon anailíseach do shamplaí bainne agus uibheacha in 2009 ionas go gcuimseofaí na lotnaidicídí atá éasca le hanailísiú ag baint úsáide as crómatagrafaíocht leachta.

Níor braitheadh aon iarmhair i samplaí bainne, uibheacha, ime agus meala.



Fíor 4: Líon na samplaí de bhia de bhunús ainmhíoch (saille duáin amháin) arna n-anailísiú (2005 - 2009), líon nár braitheadh aon iarmhair iontu (níos lú ná LCa), faoi bhun ULI (<ULI), os cionn ULI (>ULI).

Mar ab amhlaidh i mblianta roimhe seo, ba é DDT an lotnaidicíd ba mhinice a fuarthas i samplaí de shaille ainmhí le linn 2009, (Tábla 20). Baineann formhór na n-iarmhar braite le lotnaidicídí seasta ar dócha a tharla toisc leibhéil bheaga díobh a bheith i gcothú na n-ainmhithe nó é a iontógáil ó ithir éilithe, mar thoradh ar é a bheith in úsáid roimhe sin.

Tábla 20: Na Lotnaidicídí is minice a braitheadh i samplaí de shail duáin (2005 – 2009)

2005	Minicíocht 2006	Minicíocht 2007	Minicíocht 2008	Minicíocht 2009	Minicíocht
	%	%	%	%	%
DDT	3.7	DDT 2.5	DDT 4.5	DDT 1.7	DDT 1.2
Dicofol	1.7	Liondán 0.7	Díldrin 1.3	Liondán 1.7	Liondán 0.9
Díldrin	0.3	Dé-aisión 0.7	Liondán 1.3	HCB 1.3	Díldrin 0.6
Liondán	0.3	Díldrin 0.4	Dé-aisión 0.3	PCB 153 1.3	Dé-aisión 0.6
PCB 153	0.3	Dicofol 0.4	PCB 153 0.3	Díldrin 0.3	HCB 0.3

6.4 Measúnuithe tomhaltóirí

6.4.1 Géarmheasúnú riosca

Reáchtáladh géarmheasúnú riosca do thomhaltóirí Éireannacha, daoine fásta agus leanaí, i ngach cás inar sáraíodh an ULI in 2009. Thug na measúnuithe riosca le fios nár chúisigh aon cheann de na sárúithe ULI nochtadh don tomhaltóir a sháraigh an GDT, (Tábla 21). Tá sé nótáilte gur tharla 8 gcinn de na 10 sárú ULI ó shárúithe ULI a socraíodh ag LC. Léiríonn seo go bhfuil úsáid na lotnaidicídí ar an tráchtarra i gceist neamhchláraithe san AE agus nár lorgaíodh nó nár tugadh an uasteorainn a bhíonn i bhfeidhm sa tír as ar iompórtáladh é

Tábla 21: Gaol idir sárúithe ULI agus GDT do dhaoine fásta agus leanaí Éireannacha

Tráchtarra	UA san tSampla	Tír	Ltnaidicíd	Measúnú Riosca 2009	ULI(m g kg ⁻¹)	Iarmhar(mg kg ⁻¹)	P97.5 Tomhaltas (kg/bw/d)	GDT (mg/kg bw/day)	% iontógáil GDT
Mandairín	72703	An Spáinn	Captan	aosach	0.02*	0.06	0.003	0.1	0.6
				leanbh			0.010		2.3
Mandairín	72735	An Chipir	Tiaibeandasól	aosach	5	5.47	0.003	0.3	17.0
				leanbh			0.010		20.6
Úll	72742	Stáit Aontaithe	Féanprópáitri n	aosach	0.01*	0.03	0.003	0.03	0.9
				leanbh			0.010		3.2
Ionam	72811	Stáit Aontaithe	Fludioxonil	aosach	0.05*	0.07	0.001	0.37 (IIL)	0.0
				leanbh			0.001		0.0
Práta	73011	An Spáinn	Pencycuron	aosach	0.1	0.17	0.010	0.018(IIL)	20.8
				leanbh			0.009		34.8
Aibreaoga	72993	An Fhrainc	Clóiripireafos	aosach	0.05*	0.10	0.000	0.1	0.4
				leanbh			0.000		2.0
Tornapa	73018	Éire	Clóiripireafos	aosach	0.05*	0.13	0.007	0.1	1.6
				leanbh			0.004		2.5
Úll	72908	An Bhrasaíl	Démheatóáit	aosach	0.02*	0.05	0.003	0.01	4.3
				leanbh			0.009		16.2
Silín	73079	SAM	Carbairil	aosach	0.05*	0.07	0.000	0.01	0.6
				leanbh			0.001		3.6
Oráiste	73122	An Bhrasaíl	Démheatóáit	aosach	0.02*	0.05	0.004	0.01	4.5
				leanbh			0.011		15.7

* léiríonn ULI socraithe ag GDT

6.4.2 Measúnú Ainsealach

I dTábla 22, tá ríomh an amlais ainsealaigh bunaithe ar thoirimhde coimeádach den tomhaltas laethúil de bhia le sárúithe ULI, thar thréimhse leanúnach, agus mar sin, is rómheastachán é den fhíor-amlais lotnaidicíde. Ní raibh aon sárú IIL ann, ar tharla iontógáil neamh-inghlactha ainsealach mar thoradh air, d'aon cheann de na 10 sampla le sárúithe ULI.

Tábla 22 Gaol idir sárúithe ULI agus IIL d'aoisigh agus leanaí Éireannacha

Tráchtearra	Uimh an tSampla	Tír	Lotnaidicíd	Mesúnuithe Riosca 2009	ULI (mg kg ⁻¹)	Iarmhar ag sárú an ULI (mg kg ⁻¹)	Meán-tomhaltas kg/bw	IIL mg/kg bw/d	% IIL
Mandairín	72703	An Spáinn	Captan	aosach	0.02*	0.06	0.00072	0.1	0.0
				leanbh			0.0034		0.2
Mandairín	72735	An Chipir	Tiaibeandasól	aosach	5	5.47	0.00072	0.1	3.9
				leanbh			0.0034		18.6
Úll	72742	Stáit Aontaithe	Féanprópáitín	aosach	0.01*	0.03	0.00071	0.03	0.1
				leanbh			0.0048		0.5
Ionam	72811	Stáit Aontaithe	Fludioxonil	aosach	0.05*	0.07	0.00015	0.37	0.0
				leanbh			0.00015		0.0
Práta	73011	An Spáinn	Pencycuron	aosach	0.1	0.17	0.003	0.018	3.1
				leanbh			0.0048		4.5
Aibreoga	72993	An Fhrainc	Clóiripireafos	aosach	0.05*	0.10	0.000152	0.01	0.2
				leanbh			0.0008		0.8
Tornapa	73018	Éire	Clóiripireafos	aosach	0.05*	0.13	0.00022	0.01	0.3
				leanbh			0.00137		1.8
Úll	72908	An Bhrasaíl	Démheatóait	aosach	0.02*	0.05	0.00071	0.001	3.6
				leanbh			0.0048		24.0
Silín	73079	SAM	Carbairil	aosach	0.05*	0.07	0.000033	0.0075	0.0
				leanbh			0.000188		0.2
Oráiste	73122	An Bhrasaíl	Démheatóait	aosach	0.02*	0.05	0.001	0.001	5.0
				leanbh			0.0044		22.4

6.5 Clár um Imscrúdú Sárúithe

As na 5 shampla spriocdhírthe agus reachtúla ar tharla sárúithe ULI dá bharr in 2008, fuarthas 2 cheann gan aon iarmhair inbhraite agus 3 shampla ina raibh na hiarmhair lotnaidicídí os cionn na teorann cinntiúcháin. Ní raibh aon chás ann ina raibh iarmhar ag sárú ULI agus, dár bharr sin, ní raibh aon bheart leantach ag teastáil.

Cibé scéal é, sa mhéid go raibh leibhéil iarmhair ann ag sárú ULI agus líon beag úsáidí neamhchláraithe lotnaidicídí ann, is léir go bhfuil gá leis an monatóireacht leanúnach agus daingniú a dhéanamh air agus le clár um imscrúdú sárúithe. Tá an RCRL ag tathant ar úsáideoirí táirge cosanta plandaí cloí leis an *Dea-Chealchtas Talmhaíochta* agus iad ag úsáid na dtáirgí sin, chun a chinntiú nach dtarlóidh iarmhair neamh-inghlactha ar tháirgí.

6.6 Focal Scoir

Tá an RTIB agus ÚSBÉ tiomanta i gcónaí daingniú a dhéanamh ar an gclár monatóireachta iarmhair lotnaidicídí i mbia, sa mhéid is a bhaineann le hiarmhair lotnaidicídí, agus ar an gcaoi sin a chinntiú go bhfuil bia sábháilte do thomhaltóirí agus gur táirge ardchaighdeáin atá á fháil acu.

Tá an SRL and RCRL den RTIB agus an ÚSBÉ i mbun plé leanúnach, mar chuid den chonradh seirbhíse idir an dá eagraíocht, ag féachaint le hoptamú a dhéanamh ar an gclár monatóireachta bliantúil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus measúnú a dhéanamh ar an mbaol féideartha a d'eascródh as na lotnaidicídí sin do thomhaltóirí. Leanfaidh an clár ag cur san áireamh tuairimí an Choimisiúin Eorpaigh i ndáil le raon barr agus lotnaidicídí le cur san áireamh sa chlár.

Don am i láthair, díreoidh an RTIB ar chur le cumas na saotharlainne cinneadh ar an líon lotnaidicídí, atá de shíor ag dul i méid, i samplaí bia agus anailís a dhéanamh ar raon níos mó tráchtearraí.

Ghin na daoine seo a leanas na torthaí anailíseacha: J. Garvey, F. O Regan, J. McGannon, F. Morrín, T. Walsh, M. Kelly, D. Smyth, E. Connolly, J. Coloe, W. Cummins, M. Graham, A. Ryan, C.O Connor, T.O Hara agus D. Harris den tSaotharlann Rialaithe Lotnaidicídí .

Rinne P. Carey agus P. Killarney an tsampláil agus rinne G.Rennick, D.O Shea agus D. Sheridan na himscrúduithe sárúithe. Thiomsaigh J. Acton, M Hickey, agus D. Sheridan an tuarascáil seo.

7 IARSCRÍBHINNÍ

7.1 IARSCRÍBHINN I Rialacháin arna socrú na leibhéal uasta d'iarmhair lotnaidicídí

Tháinig Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i bhfeidhm ar an 01.09.2008, 6 mhí tar éis fhoilsiú na Rialachán deireanach ag bunú Iarscríbhinní I, II, III agus IV. Ar an dáta céanan, aisghaireadh Treoracha 76/895/EEC, 86/362/EEC agus 86/363/EEC ón gComhairle.

Rialachán (CE) Uimh. 396/2005	IO L70 de 16.03.2005
Rialachán (CE) Uimh. 299/2008	IO L97 de 09.04.2008
Le haghaidh Iarscríbhinn I	
Rialachán ón gCoimisiún (CE) Uimh. 178/2006	IO L29 de 02.02.2006
Le haghaidh Iarscríbhinní II, III agus IV	
Rialachán ón gCoimisiún (CE) Uimh. 149/2008	IO L58 de 01.03.2008
Ceartúchán de réir Rialachán ón gCoimisiún (CE) Uimh. 149/2008	IO L240 de 09.09.2008
Rialachán ón gCoimisiún (CE) Uimh. 839/2008	IO L234 de 30.08.2008
Rialachán ón gCoimisiún (CE) Uimh. 256/2009	IO L81 de 27.03.2009
Rialachán ón gCoimisiún (CE) Uimh. 822/2009	IO L329 de 10.09.2009
Rialachán ón gCoimisiún (CE) Uimh. 1050/2009	IO L290 de 06.11.2009
Le haghaidh Iarscríbhinn VII	
Rialachán ón gCoimisiún (CE) Uimh. 260/2008	IO L76 de 19.03.2008
Le haghaidh Bia de bhunadh ainmhíoch	
Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 2377/1990	IO L224 de 18.08.1990

7.2 IARSCRÍBHINN II Gluais na dtéarmaí

Iontógáil inghlactha laethúil (IIL)

Is é is iontógáil inghlactha laethúil ann ná líon iarmhair i mbia nó uisce óil, léirithe i bfoirm meáchaine coirp, is féidir a iontógáil go laethúil thar saolré gan riosca inmheasta don tsláinte.

Cuirtear leochailleacht naíonáin, leanaí, daoine aosta, agus daoine a bhfuil faoi strus de bharr tinnis, san áireamh trí fhachtóir sábháilteachta a chur i bhfeidhm agus luachanna IIL a leagadh amach.

Bunaítear luachanna IIL ar na luachanna “gan éifeacht díobhála” sa speiceas ainmhí is leochailí a bhí in úsáid le linn na dturgnamh tocsaineolaíochta, nó sa chás go bhfuil na sonraí cuí ar fáil, sa duine. Cuirtear fachtóir sábháilteachta i bhfeidhm i gcónaí chun an éagsúlacht idir speicis agus taobh istigh de speicis a chur san áireamh. Is le substaint ghníomhach de réir a ghnáthdhéantúis a dhéantar na tástálacha a bhíonn mar bhun leis an leibhéal gan éifeacht díobhála a aimsiú agus, dá réir sin, as na luachanna IIL a chruthú. Bíonn, dá bhrí sin, éifeacht tocsaineolaíochta aon eisíontais a tharlaíonn i substaintí gníomhacha san áireamh sa mheasúnú. Cuirtear meitiblíítí san áireamh, chomh maith, a bhfuil éifeacht féideartha acu ar shuntasacht tocsaineolaíochta an iarmhair a thagann chuig an tomhaltóir.

Géardháileog Thagartha (GDT)

Tá an GDT cosúil leis an IIL ach baineann sé le hiontógáil iarmhar i mbéile amháin nó i lá amháin.

Cuirtear leochailleacht naíonáin, leanaí, daoine aosta, agus daoine a bhfuil faoi strus de bharr tinnis, san áireamh trí fhachtóir sábháilteachta a chur i bhfeidhm agus luachanna GDT a leagadh amach.

Bunaítear luachanna ULI ar na luachanna “gan éifeacht díobhála” sa speiceas ainmhí is leochailí a bhí in úsáid le linn na dturgnamh tocsaineolaíochta, nó sa chás go bhfuil na sonraí cuí ar fáil, sa duine. Faightear luachanna GDT ó na tástálacha tocsaineolaíochta sin a bhfuil an baint is mó acu le neamhchosaint gearrthéarmach.

CODEX

Is iad an EBT agus an EDS a chruthaigh Coimisiún Codex Alimentarius i 1963 chun caighdeán bhia, treoirínte agus téacsanna abhartha ar nós cóid chleachtais a fhorbairt faoi gComhchlár Caighdeán Bia ag EBT/EDS. Príomh-aidhm an Chláir seo ná sláinte na dtomhaltóirí a chosaint, deachleachtais trádála sa tionscal bia a chinntiú agus comhordú d’obair chaighdeán bia de gach cineál a dhéanann eagraíochtaí idirnáisiúnta, rialtais agus neamh-rialtas a chothú.

Dea-chleachtas Talmhaíochta (DCT)	Áirítear sa DCT, maidir le h úsáid táirgí cosanta plandaí (lotnaidicídí), úsáid údaraithe faoi choinníolacha praiticiúla atá riachtanach chun rialú éifeachtach a choimeád ar orgánaigh bhaolacha. Tá raon leibhéal feidhmithe i gceist leis suas chuig an leibhéal údaraithe is airde, sa chúis is go bhfághtar an líon infheidhmithe is lú iarmhair.
Leibhéal Calabraithe is Lú (LCL)	An tiúchan is lú d'iarmhair lotnaidicíde, ar féidir leis an gcóras aimsithe a bhrath, chun a aithint an bhfuil iarmhair intomhaiste i láthair nó nach bhfuil. De ghnáth, tar sé mar aidhm aige, chomh maith, an teorann tuairiscithe a shainiú d'iarmhair lotnaidicídí aonair.
Teorann Cinntiúcháin (TC)	Is é atá i gceist leis an TC ná an tiúchan is lú d'iarmhair lotnaidicíde nó d'abhar salaithe ar féidir a aithint agus a thomhais go cainníochtúil i mbia sonraithe, tráchtarra talmhaíochta nó bia-ábhar ainmhí, le leibhéal inghlactha cinnteachta trí mhodh anailíse.
Uasleibhéal Iarmhair (ULI)	<p>Is é ata i gceist le ULI ná an tiúchan is mó d'iarmhair lotnaidicíde, léirithe i bhfoirm mileagram sa An tSileagram, a cheadaítear go dlíthiúil i nó ar thráchtarraí bia agus bia-ábhair ainmhíthe. Tá ULI bunaithe ar shonraí ó thrialacha iarmhair maoirsithe a léiríonn Dea-chleachtas Talmhaíochta (DCT). Bunaítear na ULI do thráchtarraí bia ar leith sa chúis is go ndéantar tomhais ar neamhchosaint féideartha an tomhaltóra agus go gceaptar go bhfuil sé inghlactha go tocsaineolaíoch.</p> <p>Ta na ULI socraithe ag, nó thart ar, an teorann cinntiúcháin, áit nach bhfuil úsáidí inghlactha.</p> <p>Tá na ULI bunaithe ar bhonn eolas eolaíochta cruinn. Níl siad ar fáil ach do na lotnaidicídí sin a bhfuil luachanna d'iontógáil inghlactha laethúil (IIL) ar fáil cheana féin.</p>
Iarmhair Lotnaidicíde	Aon rian de lotnaidicíd a aimsítear i sampla, ina n-áirítear díorthaigh sonraithe ar nós táirgí díghrádaithe agus comhshóiteachta, meitibilítí agus neamhghlainí a ceaptar go bhfuil suntas tocsaineolaíoch ag baint leo agus atá ar aon dul le sainmhíniú iarmhair.

7.3 IARSCRÍBHINN III Modhanna agus gnásanna anailíseacha a úsáidtear

Modh iliarmhar 1, *Analytical Methods for Iarmhair Lotnaidicídí in Foodstuffs*, 6^ú eagrán, 1996, Cigireacht Ghinearálta um Fhadhbanna Sláinte, An Roinn Slainte Poiblí, Leasa agus Spóirt, An Ísealtír.

Nóta: Úsáidtear comhathrú den mhodh anseo. Is é atá i gceist leis an comhathrú seo ná sulfáit sódiam a chur isteach ag an uair go ndéantar an sampla a bhaint ar mhaithe le baint lotnaidicídí orgánafosfair polacha a éascú.

Modh iliarmhar 2, *Analytical Methods for Pesticide Residues in Foodstuffs*, 6^ú eagrán, 1996, Cigireacht Ghinearálta um Fhadhbanna Sláinte, An Roinn Slainte Poiblí, Leasa agus Spóirt, An Ísealtír. Úsáideann comhathrú an mhodh seo aicéatáit eitile mar thuaslagóir bainte agus úsáidtear é chun iarmhar an orgánafosfair, orgánachlóirín agus lotnaidicídí beinsiomíodasóil i ngránaigh a anailísiú.

Modh iliarmhar 3 - Michelangelo Anastasiades, Steven J. Lehotay, Darinka Štajnbaher, Frank J. Schenck, *Fast and Easy Multiresidue Method Employing Acetonitrile Extraction/Partitioning and Dispersive Solid-Phase Extraction for the Determination of Iarmhair Lotnaidicídí in Produce*, J AOAC International, 2003, iml. 86(22), lgh412-431.

Modh Becker, *A multi residue method for the simultaneous determination of plant protection chemicals in plant material*, Dtsch. Lebensm. Rundsch. 75, 148-152, 1979, ag baint úsáid as colún tréscailte glóthaí in áit glóthach silice/colún gníomhachtaithe gualaigh mar a sonraíodh.

